OIFIG CHIGIRE NA bPRÍOSÚN

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Is mór agam mo Thuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2008 a chur faoina bhráid de bhun Alt 32 (1) d'Acht na bPríosún 2007.

_____

An Breitheamh Michael Reilly
Cigire na bPríosún

6 Bealtaine 2009

CLÁR

1.	Buíochas	4
2.	Réamhrá	6
3.	Réimse Freagrachta Chigire na bPríosún	11
4.	An Bhliain go hAchomair	13
5.	An Próiseas Cigireachta	18
6.	Caighdeáin sna Príosúin	21
7.	Plódú sna Príosúin	23
8.	Riaradh Pianbhreitheanna	31
9.	Saincheisteanna Meabhairshláinte	36
10.	Drugaí sna Príosúin	37
11.	Coimhlint idir Príosúnaigh	41
12.	Ógánaigh i gCóras na bPríosún	43
13.	Básanna i bPríosúin	46
14.	Forbairtí Amach Anseo i gCóras na bPríosún in Éirinn	47

CAIBIDIL 1

Buíochas

1.1. Is léir ón Tuarascáil Bhliantúil seo a léamh, an chéad cheann de mo chuidse, gur iomaí cuairt a thug mé ar na príosúin go léir in Éirinn. Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na Gobharnóirí agus leis na daoine éagsúla ar chas mé leo le linn cuairteanna den sórt sin as a gcomhoibriú.

1.2. Is mian liom buíochas a ghlacadh le hArd-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an tUasal Brian Purcell, agus lena fhoireann as a gcomhoibriú leanúnach i rith na bliana.

1.3. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le hArd-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Seán Aylward agus leis na hoifigigh shinsearacha sa Rannán um Beartas Príosún de chuid na Roinne, an tUasal James Martin, Mary Burke Uasal agus an tUasal Brendam Eiffe as an gcúnamh lóistíochúil a thug siad dom agus m'oifig á bunú. Cuireadh an cúnamh sin, a bhfuil mé fíor-bhuíoch dó, ar fáil gan cheist, cé go bhfuil mé neamhspleách maidir le dul i mbun an tsainordaithe atá agam ón Roinn.

1.4. Is mian liom buíochas a ghlacadh go háirithe leis an iliomad duine a luaitear, go pearsanta nó trína n-eagraíocht, a thug a gcuid ama chun comhairle agus cúnamh a thabhairt dom maidir le go leor gnéithe de chóras na bpríosún.

1.5. Táim buíoch do na daoine sin a bhí páirteach agus atá ag leanúint de bheith páirteach sa phróiseas comhchomhairle ar chuir mé tús leis a bhaineann le riaradh pianbhreitheanna agus saincheisteanna meabhairshláinte.

1.6. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na daoine sin go léir nach luaitear sa liosta buíochais gearr seo ná i dtéacs mo thuarascála a chabhraigh liom i rith na bliana ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

1.7. Táim fíorbhuíoch don fhoireann bheag atá agam, ní hamháin as an aird a bhí acu ar an oifig a rith, ach as a ndúthracht freisin maidir le dul i mbun cigireachtaí a bhíodh ar siúl ag uaireanta míshóisialta, uaireanta. Is iad sin: – an tUasal James Woods, iar-ghobharnóir príosúin, Linda Larkin Uasal, atá i bhfeighil riaracháin i m'oifig agus Aoife Watters Uasal, atá freagrach as taighde i m'oifig agus a chabhraigh liom leis an tuarascáil seo a ullmhú. Is foireann iad atá tiomanta, cotháite agus a bhfuil suim acu ina gcuid oibre.

CAIBIDIL 2

Réamhrá

2.1 Déanfar tagairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar an tAire agus déanfar tagairt don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar an Roinn síos tríd an tuarascáil.

2.2 Ceapadh mé mar Chigire na bPríosún an 21 Samhain 2007, le héifeacht ón 1 Eanáir 2008. Leagtar amach mo réimse freagrachta i gCuid 5 d'Acht na bPríosún 2007 agus tugtar míniú níos doimhne ina leith i gCaibidil 3 den tuarascáil seo.

2.3 Faoi Alt 32.1 d'Acht na bPríosún 2007, caithfidh mé Tuarascáil Bhliantúil, i measc nithe eile, maidir le comhlíonadh m'fheidhmeanna i rith na bliana roimhe sin, a chur faoi bhráid an Aire. Is í seo mo chéad Tuarascáil Bhliantúil agus déileáiltear le mo chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana 2008 agus suas go dtí an 15 Márta 2009.

2.4 Tá m'fhoireann déanta suas d'iar-ghobharnóir príosúin, bainisteoir oifige, taighdeoir agus oifigeach cléireachais (atá fós le ceapadh). Is leor sin do mo chuspóirí faoi láthair, ach is dócha go ndéanfaidh mé tagairt do cheist na n-acmhainní i dtuarascálacha ina dhiaidh seo.

2.5 Thug mé cuairt ar na príosúin go léir díreach tar éis mé a cheapadh i mo chigire ar mhaithe le heolas a chur ar leagan amach, toilleadh deartha, saoráidí oideachais, saoráidí gairmoiliúna, saoráidí áineasa agus na coinníollacha ginearálta faoina gcoinnítear príosúnaigh. Ba chuairteanna iad sin ar tugadh fógra ina leith. Thug mé cuairteanna breise freisin i rith na bliana, idir chuairteanna ar tugadh fógra ina leith agus chuairteanna nár tugadh. Chuathas i mbun na gcuairteanna nár tugadh fógra ina leith, i rith an lae, san oíche agus ag an deireadh seachtaine.

2.6 Tugtar achoimre ghearr i gCaibidil 4 maidir le cad a bhain mé amach i mo chéad bhliain mar Chigire na bPríosún.

2.7 I gCaibidil 5, leagaim amach an mhodheolaíocht (an próiseas cigireachta) a bhíonn agam agus mé i mbun cigireachtaí.

2.8 Chuaigh mé i mbun grinnchigireachta ar Ionad Oscailte Theach an Locháin agus ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh i rith na bliana. Chuir mé na tuarascálacha sin faoi bhráid an Aire, i gcomhréir le hAcht na bPríosún 2007.

2.9 Chuir mé tús le grinnchigireacht ar Phríosún Mhuinseo an 25/26 Samhain 2008. Cuirfidh mé mo thuarascáil faoi bhráid an Aire nuair a chuirfidh mé mo chigireacht i gcrích.

2.10 Le linn ceann de mo chigireachtaí, chonaic mé nár tugadh imscrúdú ar ghearáin áirithe ó phríosúnaigh chun críche. Léirigh mé m'imní ina leith sin don Aire an 19 Feabhra 2009. Déanfaidh mé tagairt níos mionsonraithe don cheist thromchúiseach sin i dtuarascáil eile ag tráth cuí.

2.11 Luaigh mé i mo Thuarascáil Eatramhach go bhfeicfí neamhspleáchas agus cothroime le linn mo thréimhse mar Chigire na bPríosún.

2.12 Tá mo neamhspleáchas ráthaithe le hAlt 30 (5) d'Acht na bPríosún 2007 agus léirítear an neamhspleáchas sin le comhsheasmhacht i ndáil le héileamh a dhéanamh go gcaitear le príosúnaigh i gcomhréir le cleachtais idirnáisiúnta agus go bhfeidhmítear príosúin i gcomhréir le sárchleachtas.

2.13 Tá súil agam caitheamh go cothrom le daoine, bídís ina bpríosúnaigh, ina n-oifigigh príosúin, ina n-oifigigh de chuid Seirbhís Phríosúin na hÉireann nó gnáthdhaoine. Éisteoidh mé le gach moladh cuiditheach. Níl mé ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar dhaoine, ní hé sin an modh oibre atá agam. Ach, ní sin le rá go ndéanaim neamhaird de lochtanna a fhaighim ná gur féidir féachaint orm mar dhuine réchúiseach.

2.14 Luaigh mé i mo Thuarascáil Eatramhach go leagfainn amach caighdeáin a bheadh an tAire agus an pobal i gcoitinne ag iarraidh a fheiceáil. Foilseoidh mé na Caighdeáin sin sna míonna amach romhainn, le go mbeidh an tAire, na comhlachtaí iomchuí go léir agus an pobal i gcoitinne feasach maidir leis na caighdeáin a bheidh ag súil a chuirfear i bhfeidhm sna príosúin in Éirinn. Leagtar amach an mhodheolaíocht a d'úsáid mé agus na caighdeáin sin á ndéanamh amach agam i gCaibidil 6 den tuarascáil seo.

2.15 Luaigh mé i mo Thuarascáil Eatramhach gur shainaithin mé roinnt réimsí a chuir imní faoi leith orm – arbh iad plódú, riaradh pianbhreitheanna príosúnach, coimhlint idir príosúnaigh, leitheadúlacht drugaí agus saincheisteanna meabhairshláinte na cinn ba shuntasaí.

2.16 Déileáiltear go cuimsitheach leis an tsaincheist thromchúiseach a bhaineann le plódú i gCaibidil 7 den tuarascáil seo. Thug mé an tsaincheist sin ar aird na Roinne agus ar aird Sheirbhís Phríosúin na hÉireann roinnt uaireanta i rith na bliana agus go háirithe an 27 Feabhra 2009, mar gheall ar an imní mhór a bhí orm maidir le sábháilteacht nó beatha.

2.17 Is ceist chasta é pianbhreitheanna príosúnach a riaradh. Chuaigh mé i gcomhchomhairle le raon leathan daoine agus comhlachtaí. Tá an próiseas comhchomhairle sin leanúnach. Beidh ar mo chumas doiciméad a fhoilsiú i rith na bliana seo, agus táim dóchasach go spreagfaidh sé díospóireacht ar an ábhar tábhachtach sin agus go mbeidh sé mar threoir do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus don Roinn chun dul i mbun an athchóirithe sin atá ag teastáil go géar. Dhírigh mé ar an gceist maidir le riaradh príosúnach ón mbonn iad a athshlánú agus ar deireadh iad lánpháirtiú isteach sa tsochaí. Leagtar amach an dul chun cinn atá déanta agam ina leith sin i gCaibidil 8 den tuarascáil seo.

2.18 Luaigh mé i mo Thuarascáil Eatramhach go bhfuil ceart iomlán ag príosúnaigh cóireáil a fháil i dtimpeallacht chuí má tá fadhbanna meabhairshláinte ag príosúnaigh. Luaigh mé freisin, nach féidir a rá go bhfuil an ceart sin á urramú de réir mar atá cúrsaí anois. Is é sin mo thuairim fós. Is ábhar é sin a dteastaíonn díospóireacht ina leith. Léirím an obair ata déanta agam go dtí seo

ar an ábhar sin i gCaibidil 9 den tuarascáil seo. Nuair a thabharfaidh mé mo phróiseas comhchomhairle chun críche, foilseoidh mé doiciméad ar chóir dó a bheith mar bhonn díospóireachta maidir leis an tslí ar chóir cóireáil a chur ar phríosúnaigh le fadhbanna meabhairshláinte agus cé a dhéanfadh sin. Cuirfidh mé tagairtí maidir le soláthar na seirbhísí sláinte go léir inár bpríosúin san áireamh sa doiciméad sin.

2.19 Is fadhb idirnáisiúnta, ní fadhb in Éirinn amháin é leitheadúlacht drugaí agus contrabhannaí i bpríosúin. Cuirtear fadhb na ndrugaí i gcomhthéacs i gCaibidil 10 agus mionsonraítear bearta áirithe a ndeachthas ina mbun chun déileáil leis an gcás. Is ábhar é a leanfaidh mé ar aghaidh á bhreithniú agus déanfaidh mé tagairt ina leith i dtuarascálacha ina dhiaidh seo de réir mar is cuí.

2.20 Is fadhb inár bpríosúin é coimhlint idir príosúnaigh. Tá príosúin faoi leith, na príosúin is mó a mbaineann an fhadhb sin leo, sainaitheanta agam. Cé nach bhfuil aon ghrinnstaidéar déanta agam ar an ábhar seo go dtí seo, déileáiltear le gnéithe áirithe d'fhoréigean idir príosúnaigh i gCaibidil 11. Tiocfaidh mé ar ais chuig an bhfadhb seo i dtuarascálacha ina dhiaidh seo.

2.21 Déileáiltear le hÓgánaigh inár gcóras príosún i gCaibidil 12.

2.22 Déileáiltear le básanna inár bpríosúin le bliain anuas i gCaibidil 13 agus tá moltaí san áireamh ann, moltaí gur chóir Rialacha Phríosúin na hÉireann a athrú chun foráil a dhéanamh do thuairisciú breise.

2.23 Déileáiltear le pleananna d'eastát na bpríosún amach anseo i gCaibidil 14. Déileáiltear freisin leis an leathnú i líon na bpríosúnach a bhfuiltear ag súil leis. Cuirim roinnt ceisteanna agus tugaim roinnt freagraí a d'fhéadfadh a bheith ar na ceisteanna sin.

2.24 Bhí orm aird a tharraingt i mo chuid tuarascálacha maidir le hIonad Oscailte Theach an Locháin agus Príosún an Chaisleáin Riabhaigh go raibh limistéir iontu a bhí salach, míshlachtmhar agus limistéir a raibh cothabháil ghinearálta

ag teastáil uathu. Níl sé inghlactha go bhfuil ormsa agus ar m'fhoireann ábhair den sórt sin a thabhairt ar aird na mbainisteoirí áitiúla. Níl sé inghlactha ach oiread go bhfeicfinn nach raibh gnéithe sábháilteachta riachtanacha, mar ghlao-chloig i gcillíní, ag obair. Táim ag lua na hábhair sin, ní ar mhaithe leis an dá fhoras a cháineadh ach ionas nach mbeidh seachrán ar bith ar bhainisteoirí sna forais go léir maidir lena bhfreagrachtaí. Más rud é go bhfeicim, tar éis an tuarascáil seo a fhoilsiú, go gcaithfidh mé tagairt a dhéanamh arís d'ábhair den sórt sin, glacfaidh mé leis gur neamhshuim atá á léiriú ag bainisteoirí.

2.25 Nuair a bhí mé i mbun cigireachtaí, idir chigireachtaí ar tugadh fógra ina leith agus chigireachtaí nár tugadh, chomhoibrigh bainisteoirí, an fhoireann, na heagraíochtaí agus na daoine éagsúla a bhíonn ag obair sna príosúin, mar ghairmithe nó eile, cuairteoirí chuig na príosúin agus na príosúnaigh, go hiomlán liom.

2.26 Cuirfidh mé tuairisc ghearr ar na príosúin go léir in Eastát na bPríosún san áireamh i ngach Tuarascáil Bhliantúil amach anseo agus déileálfar leis na coinníollacha, líon na bpríosúnach agus aon ábhar eile a mheasaim a bheith cuí sna tuarascálacha sin.

CAIBIDIL 3

Réimse Freagrachta Chigire na bPríosún

3.1 Cuireadh an Chigireacht ar bhonn reachtúil le héifeacht ón 1 Bealtaine 2007 le Cuid 5 d'Acht na bPríosún 2007. Ceapadh mé mar Chigire na bPríosún an 21 Samhain 2007 le héifeacht ón 1 Eanáir 2008, agus tháinig mé i gcomharbacht ar an mBreitheamh Dermot Kinlen, nach maireann. Táim neamhspleách ar an Roinn agus ar Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus mé ag comhlíonadh mo chuid feidhmeanna.

3.2 Leagtar amach mo réimse freagrachta i gCuid 5 d'Acht na bPríosún 2007. Tá d'oibleagáid orm, de bhun Alt 31 den Acht, cigireachtaí rialta a dhéanamh ar na 14 príosún go léir laistigh d'Eastát Príosún na hÉireann. Tá d'oibleagáid orm, faoi Alt 32, tuarascáil bhliantúil agus tuarascáil maidir le gach cigireacht aonair iomlán ar phríosúin a chur faoi bhráid an Aire. Agus mé ag déileáil le príosúin aonair i gcomhréir le hAlt 32(2), caithfidh mé aghaidh ar na nithe seo a leanas;

(a) bainistiú ginearálta an phríosúin, lena n-áirítear leibhéal a éifeachtachta agus a éifeachtúlachta,

(b) na dálaí ina maireann na príosúnaigh arna gcoinneáil ann agus sláinte agus leas ginearálta na bpríosúnach sin,

(c) iompar ginearálta agus éifeachtacht ghinearálta na ndaoine a oibríonn ann,

(d) comhlíonadh caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear na rialacha príosún go háirithe,

(e) cláir agus saoráidí eile atá ar fáil agus a mhéid a ghlacann príosúnaigh páirt iontu,

(f) slándáil, agus

(g) araíonacht.

3.3 Foráiltear freisin in Acht na bPríosún 2007, go ndéanfar cóip den tuarascáil bhliantúil agus de na tuarascálacha ar phríosúin aonair a leagan faoi bhráid

gach Tí den Oireachtas agus go bhfoilseofar iad, ach amháin sna heisceachtaí atá in Alt 32(4) den Acht.

3.4 Foráiltear freisin san Acht, go bhféadfaidh mé, agus go ndéanfaidh mé má iarrann an tAire amhlaidh, aon ní a éireoidh as bainistiú nó oibriú príosúin a imscrúdú agus go ndéanfaidh mé tuarascáil maidir le haon imscrúdú den sórt sin a chur faoi bhráid an Aire.

3.5 Níl sé mar chuid de mo réimse freagrachta gearáin aonair ó phríosúnaigh a imscrúdú. Ach mar sin féin, má fhaighim roinnt gearán atá cosúil le chéile ó phríosúnaigh, féadfaidh mé rogha a dhéanamh na himthosca a bhaineann leis na gearáin sin a imscrúdú.

3.6 Nuair a ceapadh mé, chonaic mé nach raibh aon phróiseas cigireachta foirmiúil i bhfeidhm agus nach raibh aon chaighdeáin foilsithe ar chóir príosúin a mheas ina leith. Creidim go dteastaíonn próiseas cigireachta foirmiúil agus caighdeáin chun mo chúram reachtúil a chomhlíonadh. Déileáiltear leis na hábhair sin i gCaibidlí 5 agus 6.

CAIBIDIL 4

An Bhliain go hAchomair

Na Cuairteanna Tosaigh

4.1 Thug mé cuairt ar na 14 príosún go léir sa Stát na dátaí a léirítear thíos, tar éis dom a bheith ceaptha mar Chigire na bPríosún. Is éard ba chuspóir leis na cuairteanna sin ná eolas a chur ar leagan amach, toilleadh deartha, saoráidí oideachais, saoráidí gairmoiliúna, saoráidí áineasa agus na coinníollacha ginearálta faoina gcoinnítear príosúnaigh. Thapaigh mé an deis freisin mé féin a chur in aithne do Ghobharnóirí na bPríosún aonair agus do na baill foirne. Ba chuairteanna ar tugadh fógra ina leith na cuaiteanna sin go léir.

9 Eanáir 2008	Príosúin Mhuinseo
	Príosún Dóchas
10 Eanáir 2008	Foras Naomh Pádraig
	Ionad Oiliúna
16 Eanáir 2008	Príosún Chnoc Seimre
	Príosún Chnoc an Arbhair
17 Eanáir 2008	Príosún Chruithneachtáin
23 Eanáir 2008	Ionad Oscailte Theach an Locháin
	Príosún an Chaisleáin Riabhaigh
24 Eanáir 2008	Príosún an Láir Tíre
	Príosún Phort Laoise
30 Eanáir 2008	Príosún Chorcaí
31 Eanáir 2008	Príosún Luimnigh
5 Feabhra 2008	Teach na gCanónach

4.2 Thug mé cuairt ar Cheanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireanan sa Longfort an 13/14 Feabhra 2008 ar mhaithe le heolas a chur ar oibriú agus ar bhainistiú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Fuair mé mionteagasc críochnúil ó oifigigh shinsearacha, lena n-áirítear Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, maidir le gach ábhar a bhaineann le Córas na bPríosún in Éirinn agus maidir leis an gcoimpléasc príosúin nua atá beartaithe ag Halla Thornton.

4.3 Thug mé cuairt ar Theach Beladd, Ionad Oiliúna agus Forbartha Sheirbhís Phríosúin na hÉireann an 20 Feabhra 2008. Bhreithnigh mé na cláir oiliúna go léir do gach grád (suas go leibhéal Gobharnóra) sa tSeirbhís Phríosúin agus fuair mé mionteagasc ón nGobharnóir ina leith. Le hoiliúint oifigeach príosúin earcaigh, faightear creidiúnú anois trí Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Is forbairt fhiúntach é sin, a bhfuil sé i gceist leis gairmiúlacht a chinntiú laistigh den tSeirbhís.

Cigireachtaí Príosúin

4.4 Tar éis mo chamchuairt inar chuir mé eolas ar na príosúin go léir (mír 4.1), thosaigh mo phróseas cigireachta. Is iomaí cigireacht atá déanta agam ar na príosúin go léir, agus bhí cigireachtaí oíche agus ar an deireadh seachtaine san áireamh orthu.

4.5 Tá dhá chigireacht iomlán déanta agam i gcomhréir le mo phróiseas cigireachta. Tá na tuarascálacha maidir le mo chigireachtaí ar Ionad Oscailte Theach an Locháin agus ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh curtha faoi bhráid an Aire, díreach mar a dhéanfar le mo thuarascáil ar Phríosún na bhFear i Muinseo nuair a thabharfar mo chigireacht chun críche.

Cigireachtaí Príosúin Iomlána a Rinneadh suas go Márta 2009

<u>Eastát Oscailte Theach an Locháin</u>

22/23 Aibreán 2008	Cigireacht tosaigh nár tugadh fógra ina leith
18/19 Meitheamh 2008	Cigireacht ar tugadh fógra ina leith
7 Lúnasa 2008	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
26 Lúnasa 2008	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith

18 Nollaig 2008	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
23 Eanáir 2009	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

29/30 Iúil 2008	Cigireacht tosaigh nár tugadh fógra ina leith
24/25 Meán Fómhair 2008	Cigireacht ar tugadh fógra ina leith
20 Deireadh Fómhair 2008	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
10 Nollaig 2008	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
18 Nollaig 2008	Cigireacht oíche nár tugadh fógra ina leith
23 Eanáir 2009	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
12 Feabhra 2009	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith

Príosun na bhFear i Muinseo

25/26 Samhain 2008	Cigireacht tosaigh nár tugadh fógra ina leith
16/17/18 Feabhra 2009	Cigireacht ar tugadh fógra ina leith
21 Eanáir 2009	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith
26 Eanáir 2009	Cigireacht oíche nár tugadh fógra ina leith
25 Feabhra 2009	Cigireacht nár tugadh fógra ina leith

Tabhair ar aird le do thoil go raibh an Chigireacht ar phríosún na bhFear i Muinseo ar siúl nuair a cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire.

Cigireachtaí a lean as Corraíolacha i bPríosúin

4.6 Thug mé cuairt ar Phríosún na bhFear i Muinseo an 14/15 Iúil 2008 tar éis na corraíola a tharla ann Dé Sathairn an 12 Iúil 2008. Bhain mé de thátal nárbh plódú ba chúis leis an gcorraíl, mar a bhí luaite sa phreas, ach gurbh fhrithghníomhú i gcoinne nósanna imeachta nua cuardaigh a tugadh isteach i ndáil le cuairteoirí chuig an bpríosún ba chúis leis an gcorraíl. Déanaim tagairt ghearr don ábhar seo i mír 10.5. Déanfaidh mé tagairt níos mionsonraithe don chorraíl sin sa tuarascáil atá le teacht uaim ar Phríosún na bhFear i Muinseo.

4.7 Tharla corraíl i bPríosún Phort Laoise an 15 Deireadh Fómhair 2008. Chuaigh mé chuig an bpríosún an 16 Deireadh Fómhair 2008 agus mheas mé nach raibh orm dul i mbun aon ghnímh bhreise.

4.8 Léiríonn an dá chuairt den sórt sin mo mhian monatóireacht neamhspleách a dhéanamh ar gach a tharlaíonn i bpríosúin na hÉireann.

Cuairteanna a bhí ar siúl i rith na bliana

4.9 Chas mé, ar ocáidí ar leithligh, le Príomh-Chigire Príosún na Banríona do Shasana agus an Bhreatain Bheag, an Dáma Anne Owers, DBE agus Príomh-Chigire Príosún na Banríona d'Albain, an Dr. Andrew McLellan. Ba é an chúis a bhí leis na cruinnithe sin ná an próiseas cigireachta mar a úsáidtear é sna dlínsí sin a dhéanamh amach agus comhairle iomchuí a ghlacadh a chuideodh liom mo shainordú a chomhlíonadh.

4.10. Bhí cruinnithe agam le go leor grúpaí agus daoine aonair i rith 2008/2009 chun réimsí comhspéise a plé, lena n-áirítear, i measc daoine eile, Brid Clarke Uasal ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte, an tOllamh Andrew Coyle, Stiúrthóir an Ionaid le haghaidh Staidéar Príosúin, Coláiste an Rí, Londain, an Dr. Patrick Devitt, an Cigire Ospidéal Meabhair-Ghalar, an tUasal Liam Herrick, Stiúrthóir Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil, an Dr. Gordon Holmes, Cathaoirleach an Bhoird Pharúil, an tOllamh Harry Kennedy, Stiúrthóir an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar, an Breitheamh Mary Martin, Cathaoirleach an Choimisiúin Náisiúnta um Cheartas Aisríoch, Séiplínigh de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, Coimisinéirí de chuid an Choimisiúin Naisiúnta um Cheartas Aisríoch agus ionadaithe ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó Chumann na nOifigeach Príosúin.

4.11. Thaisteal mé go Strasbourg le cruinniú a bheith agam le hionadaithe ón gCoiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc (CPT - Comhairle na hEorpa) agus chun freastal ar chomhdháil a d'eagraigh an Fondúireacht Pionóis agus Peannadlann Idirnáisiúnta. Thug mé cuairt ar an gClinic Shannon i mBéal Feirste le hionadaithe ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus ar an bPríomh-Ospidéal

Meabhair-Ghalar i nDún Droma, Baile Átha Cliath. Ba é an chúis a bhí leis na cruinnithe sin ná comhairle a fháil a bheadh mar chabhair agam mo shainordú a chomhlíonadh.

4.12. Mar a luaitear in áiteanna eile sa tuarascáil seo, chuaigh mé i gcomhairle le grúpa leathan daoine aonair agus eagraíochtaí i ndáil le riaradh pianbhreitheanna príosúnach. Tá an próiseas sin ar siúl go leanúnach.

Taighde

4.13 Mar a sainaithníodh i mo Thuarascáil Eatramhach, tá roinnt réimsí a bhaineann leis na dálaí ina gcoinnítear príosúnaigh agus leis an tslí a gcaitear le príosúnaigh atá mar chúis mhór imní dom – go príomha, plódú i bpríosúin na hÉireann, meabhair-shláinte príosúnach agus riaradh pianbhreitheanna príosúnach. Bím i mbun taighde ar na saincheisteanna sin ar bhonn leanúnach. Déileáiltear le plódú go cuimsitheach i gCaibidil 7 den tuarascáil seo. Mar a luaitear i míreanna 2.17 agus 2.18, tá sé i gceist agam déileáil go cuimsitheach le riaradh pianbhreitheanna príosúnach agus meabhair-shláinte príosúnach i dtuarascálacha ina dhiaidh seo, cé go ndéantar roinnt plé ina leith sa tuarascáil seo.

4.14. Mar a phléitear i gCaibidil 6, cuirfidh mé caighdeáin i dtoll a chéile a mbainfear úsáid astú le linn mo chuid cigireachtaí agus tá sé i gceist agam go bhfoilseofaí an doiciméad sin sna míonna amach romhainn. Leanfaidh meabhrán mínithe.

CAIBIDIL 5

An Próiseas Cigireachta

5.1 Léirigh mé go hachomair i mo Thuarascáil Eatramhach i Meán Fómhair 2008 an nós imeachta a raibh sé i gceist agam a ghlacadh chun mo dhualgais reachtúla a chomhlíonadh maidir le cuairteanna ar phríosúin. Nuair a ghlac mé leis an bpost mar Chigire na bPríosún, chonaic mé nach raibh aon nósanna imeachta leagtha síos le haghaidh cigireacht a dhéanamh ar phríosúin. Is é cuspóir na caibidle seo an nós imeachta ar ghlac mé leis agus a leanfaidh mé agus mo shainordú á chomhlíonadh agam a mhíniú don Aire agus don phobal i gcoitinne.

Cigireachtaí ad hoc

5.2 Taobh le taobh le cuairteanna ar tugadh agus a dtabharfar fógra ina leith ar phríosúin, tabharfaidh mé cuairt ad hoc gan fógra ar gach príosún, ní hamháin le linn uaireanta gnó ach le linn uaireanta seachbhuaice chomh maith. Is éard is brí leis sin ná i rith na hoíche agus ag an deireadh seachtaine. Ní ar mhaithe le locht a fháil ar aon duine a bheadh na cuairteana sin ar siúl, ach díreach mar gheall, i mo thuairimse, nach bhfuil córais chigireachta a fhéadfar a thuar maidir leis an am a dtarlaíonn siad creidiúnach ag an bpobal a thuilleadh. Is é cuspóir na gcuairteanna sin a chinntiú go ndéantar caighdeáin sna príosúin go léir a chothabháil agus nach mbeidh sé sin ag brath ar an dtiocfaidh nó nach dtiocfaidh an Cigire. Más rud é go dtabharfaidh mé ábhair imní faoi deara le linn na gcigireachtaí sin, tabharfaidh mé ar aird an Ghobharnóra sa phríosún lena mbaineann iad agus nó daoine eile más cuí sin, mar a leagtar amach in Alt 31 (1) (c) d'Acht na bPríosún 2007.

Mionchigireachtaí ar phríosúin aonair

5.3 Mhínigh mé i mo Thuarascáil Eatramhach go rachainn i mbun mionchigireachtaí ar roinnt príosún gach bliain. Roghnófar na príosúin sin ar bhonn randamach agus ní bheidh aon phatrún ar leith i gceist. Beidh na cigireachtaí sin críochnúil. Cuirfear tuarascáil ar leithligh maidir le

cigireachtaí den sórt sin faoi bhráid an Aire do gach príosún a ndéanfar cigireacht air.

5.4 I dtús báire, rachaidh m'fhoireann agus mé féin i mbun cigireachta ar phríosún nach dtabharfar fógra ina leith. Tiocfaidh mé thart ar 9 am agus mairfidh an chigireacht dhá lá ar a laghad. Déanfaidh mé grinn-anailís ar limistéir uile an phríosúin. Labhróidh mé le príosúnaigh agus le baill foirne. Déanfaidh mé taifid a scrúdú de réir mar a mheasaim a bheith cuí.

5.5 Díreach i ndiaidh na cigireachta sin, tabharfaidh mé ábhair imní (más ann dóibh) a dtiocfaidh mé orthu le linn na cigireachta ar aird an Ghobharnóra i litir, agus ar aird Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (más iomchuí). Tabharfaidh mé tréimhse ama don Ghobharnóir chun trácht a dhéanamh ar na hábhair is cúis imní dom agus déileáil leo. Iarrfaidh mé ar an nGobharnóir, ceistiúchán a chomhlánú a thabharfaidh eolas teicniúil dom maidir le rith an phríosúin.

5.6 Oibreoidh mé le bainisteoirí an phríosúin sna seachtainí i ndiaidh mo chigireacht tosaigh lena chinntiú go ndéileálfar le mo chuid ábhair imní. Murar féidir le bainisteoirí áitiúla aghaidh a thabhairt ar mo chuid ábhair imní, cuirfidh mé na hábhair sin in iúl don údarás cuí. Beidh mé ag súil le comhoibriú iomlán ó bhainisteoirí agus ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i ndáil leis sin. Tá an comhoibriú sin faighte agam go dtí seo.

5.7 Déanfaidh mé cigireacht ar an bpríosún a dtabharfar fógra ina leith tuairim is 2 nó 3 mí tar éis na cigireachta tosaigh. Beidh dhá chuspóir i gceist leis sin: -

- Déanfaidh mé cigireacht arís ar limistéir uile an phríosúin ach tabharfaidh mé aird faoi leith ar na nithe sin a raibh imní orm fúthu, agus
- Beidh cruinnithe agam le príosúnaigh, cuairteoirí, ionadaithe ón gcoiste cuairte, bainisteoirí sinsearacha, oifigigh brainse Chumann na nOifigeach Príosúin, baill foirne, séiplínigh, múinteoirí, dochtúirí, fiaclóirí, altraí, oifigigh promhaidh, comhairleoirí andúile agus le daoine eile ar mian leo mé a fheiceáil nó a chuireann seirbhísí ar fáil do phríosúnaigh. Beidh

cruinniú agam freisin leis an nGobharnóir ar ndóigh. Eagrófar na cruinnithe sin agus tabharfar fógra roimh ré do chách.

5.8 Tabharfaidh mé cuairteanna breise, idir chuairteanna a dtabharfar fógra ina leith agus chuairteanna nach dtabharfar fógra ina leith le linn 'uaireanta oibre' agus 'uaireanta seachbhuaice' araon de réir mar a mheasaim a bheith cuí, idir mo chigireacht tosaigh gan fógra (mír 5.4) agus mo chigireacht a dtabharfar fógra ina leith (mír 5.7) agus suas go dtí an t-am a chuirfidh mé mo thuarascáil faoi bhráid an Aire.

5.9 Ní léiriú ar phointe ama amháin faoi leith a bheidh i gceist le mo thuarascálacha ar phríosúin aonair; beidh siad mar léiriú ar chigireacht agus ar phróiseas comhchomhairle leanúnach i gcaitheamh roinnt míonna. Beidh mo chuid tuarascálacha ina léiriú cruinn ar na dálaí i ngach príosún aonair.

5.10 Ní bheidh mé in ann leanúint, i ngach cás, leis an gcur chuige ginearálta agus comhchomhairleach atá agam más léir dom láithreach go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar ábháir mhóra imní mar mhí-úsáid thromchúiseach maidir le cearta daonna mar ábhar práinne. Má tharlaíonn siad sin, tabharfaidh mé ar aird an Aire iad láithreach agus rachaidh mé i mbun céimeanna breise de réir mar a mheasaim a bheith cuí.

CAIBIDIL 6

Caighdeáin sna Príosúin

6.1. Suas go dtí an t-am ar ceapadh mé, ní raibh caighdeáin foilsithe in Éirinn lena bhféadfadh príosúnaigh, baill foirne sna príosúin nó an pobal i gcoitinne an próiseas cigireachta a bhíonn in úsáid agam agus mé i mbun mo shainordaithe faoi Acht na bPríosún 2007 a thuiscint go héasca.

6.2. Le hAirteagal 10 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla cuirtear d'oibleagáid ar Éirinn caitheamh le gach duine a bhfuil a saoirse bainte díobh le daonnacht agus le meas ar dhínit bhunúsach an duine daonna.

6.3. Le sárchleachtas idirnáisiúnta faoi Phrionsabal 29 de Chorpas na bPrionsabal chun gach Duine faoi aon fhoirm Coinneála nó Príosúnachta a Chosaint, éilítear go mbunófar córas monatóireachta neamhspleáiche le go bhféadfar trédhearcacht agus cuntasacht an chórais príosúin a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh mé príosúin agus coinneáil príosúnach a thomhas in aghaidh na gcaighdeán cuí.

6.4. Tá sé luaite agam i mír 2.14 go bhfoilseofaidh mé caighdeáin.

6.5. Tógfar na caighdeáin as sárchleachtas idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta. Cuirfear na caighdeáin atá i bhfeidhm in go leor tíortha san áireamh, lena n-áirítear Sasana agus Albain agus cúige na hAstráile Thiar. Bhí foilseacháin na gcomhlachtaí creidiúnacha mar Chomhairle na hEorpa (lena n-áirítear a coiste, an CPT) agus na Náisiúin Aontaithe mar chabhair mhór mar a bhí an treoir a fuarthas on CPT. Fuarthas comhairle freisin ón Ollamh Andrew Coyle de chuid an Ionaid le haghaidh Staidéar Príosúin, Coláiste an Rí, Londain, ón Dr.

Andrew McLellan Príomh-Chigire Príosún na Banríona d'Albain agus ón bhFondúireacht Pionóis agus Peannadlann Idirnáisiúnta. Cuirfidh mé na cinntí iomchuí de chuid na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine san áireamh freisin agus mé ag déanamh amach na gcaighdeán sin.

6.6. Is iomaí caighdeán idirnáisiúnta atá ann lena rialaítear an tslí a gcaitear le daoine a bhfuil a saoirse bainte díobh. Is iad na Náisiúin Aontaithe a chinn go leor díobh sin agus tá siad daingnithe ag Éirinn, agus leis sin tá siad ina gceangal dlí ar an Stát seo. Treisítear na prionsabail sna conarthaí sin le hIonstraimí Idirnáisiúnta neamhcheangailteacha a bhfuil mór-údarás ag gabháil leo cé nach bhfuil feidhm dlí leo de bhrí go nglactar go hidirnáisiúnta leo mar shárchleachtas i ndáil leis an tslí a gcaitear le príosúnaigh agus a ndéantar príosúin a bhainistiú.

6.7. Tagann Caighdeáin Réigiúnacha ón Eoraip. Tá roinnt caighdeán forbartha ag Comhairle na hEorpa a bhaineann leis an tslí a gcaitear le príosúnaigh agus leis na coinníollacha i bpríosúin i bhfoirm ionstraimí ceangailteacha agus neamhcheangailteacha lena dtreisítear saincheisteanna a ndéileáiltear leo leis na Conarthaí agus Ionstraimí éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe.

6.8. Is ionann caighdeáin náisiúnta agus iad sin a thógtar ó Bhunreacht na hÉireann, Dlíthe Intíre agus rialacha iomchuí.

6.9. Cuirfear na caighdeáin i láthair i seacht gcinn de ranna a leanfaidh formáid Alt 32(2) d'Acht na bPríosún 2007.

CAIBIDIL 7

Plódú sna Príosúin

7.1. Is fadhb idirnáisiúnta é plódú i bpríosúin. Is fadhb an-mhór é in Éirinn.

7.2. Níl smacht ar bith ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar líon na bpríosúnach a théann isteach inár bpríosúin. Caithfear glacadh sa chóras le gach duine a dhéantar a athchur i gcoimeád fad is a bhíonn siad ag fanacht ar thriail nó ar phianbhreith chomh maith leis na príosúnaigh go léir a bhfuil pianbhreitheanna curtha orthu.

7.3. Dá mba rud é gurb ionann toilleadh leapa luaite agus líon na bpríosúnach sna príosúin, b'fhéidir go nglacfaí leis nach bhfuil plódú ina shaincheist. Ach ní hé sin an scéal áfach, mar a léireofar sa chaibidil seo.

7.4. Glacaim leis, i gcásanna áirithe, mar gheall ar líon na bpríosúnach i bPríosúin na hÉireann agus mar gheall ar an gcóiríocht theoranta atá sna príosúin, go mbíonn sé dosheachanta líon na bpríosúnach i gcillíní a dhúbailt. Glacaim leis, sa chomhthéacs seo, go gcaithfear idirdhealú a dhéanamh idir roinnt de na cillíní cóiríochta i bpríosúin Mhuinseo, Chorcaí agus Luimnigh agus iad sin sna príosúin níos nuaí mar phríosúin Chruithneachtáin agus an Láir Tíre. Tógadh príosúin Mhuinseo, Chorcaí agus Luimnigh sa 19^{ú} haois agus is príosúin bheaga iad nach bhfaigheann mórán solais ná aerála agus níl aon sláintíocht sna cillíní. Tá príosúin Chruithneachtáin agus an Láir Tíre níos mó, faigheann siad dóthain solais agus aerála agus tá sláintíocht sna cillíní. Níor chóir glacadh le líon na bpríosúnach i gcillíní a dhúbailt ach amháin mar bheart sealadach (ar chóir é a choinneáil athbhreithniú leanúnach) agus níor chóir go dtarlódh sé sin i gcás na bpríosúnach seo a leanas ach amháin in imthosca eisceachtúla:-

a. Príosúnaigh atá faoi ghlas ar feadh 23 uair an chloig sa ló
b. Príosúnaigh a choinnítear ina gcillíní iad níos faide ná mar is gnáth
c. Príosúnaigh faoi phianbhreith saoil

d. Príosúnaigh faoi phianbhreith fhada

e. Príosúnaigh fir nó mná nach bhfuil an phríobháideacht chéanna acu is atá ag príosúnaigh eile mar gheall ar an gcineál cóiríochta príosúin atá acu

f. Príosúnaigh nárbh fhéidir a mheas go raibh siad oiriúnach d'iláitíocht i gcillíní mar gheall ar a riocht meabhrach, míochaine nó fisiceach.

7.5. Caithfear toilleadh deartha gach ceann dár bpríosúin a thuiscint le tuiscint iomlán a fháil ar chomh dona is atá fadhb an phlódaithe. D'fhéadfadh nach ionann toilleadh deartha ár bpríosúin agus an scéal mar atá faoi láthair mar go bhfuil athruithe struchtúrtha déanta ar phríosúin agus ar chillíní príosúin i gcaitheamh na mblianta. Is é an rud nach bhfuil athruithe ná toilleadh deartha na gcillíní a bhfuil príosúnaigh iontu faoi láthair nach ndearnadh aon athrú orthu ó tógadh iad.

7.6. Níl sé i gceist agam déileáil leis an gcás i ngach príosún aonair sa chaibidil seo. Roghnaigh mé Príosún na bhFear i Muinseo, Príosún Chorcaí agus Príosún na mBan i Luimneach chun an difríocht idir toilleadh deartha agus toilleadh leapa a léiriú. Beidh an rud céanna ag an leibhéal céanna, nó ag leibhéal níos lú le sonrú sna príosúin eile. Déanfaidh mé tagairt don fhadhb seo i dtuarascálacha aonair ar phríosúin, mar a rinne mé i mo thuarascáil in 2008 ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh.

7.7. Rinne mé iarracht sa tuarascáil seo, sna míreanna seo a leanas, toilleadh deartha na gcillíní ar cillíní 'cóiríochta' iad ina bhfuil príosúnaigh a thabhairt agus ansin an toilleadh leapa a thabhairt amhail an 16 Feabhra 2009. Bhí sé deacair é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh nach mbeadh na figiúirí cruinn i roinnt cásanna dá bhrí sin, agus gabhaim leithscéal as sin. Ní athróidh aon mhíchruinneas an scéal mórán áfach.

Príosún Mhuinseo

7.8. Nuair a osclaíodh Príosún Mhuinseo sa bhliain 1850, bhí 500 cillín ann a bhí leagtha amach le haghaidh príosúnach amháin an ceann. Tá go leor den phríosún athraithe nó leagtha ó shin.

7.9. Is iad toisí formhór na gcillíní a dearadh mar chillíní singile ná 3.91m x 2.06m agus is iad toisí mionlach na gcillíní ná 3.43m x 2.06m.

7.10. Leagtar amach toilleadh deartha agus leapa bunaidh na gcillíní cóiríochta atá in úsáid i láthair na huaire agus toilleadh leapa luaite na gcillíní sin amhail an 16 Feabhra 2009 sa chairt seo a leanas. Agus na cillíní sin á n-áireamh agam, níl ach na cillíní 'cóiríochta' agus ní na cillíní sin a úsáidtear go sonrach mar chillíní 'measúnachta', 'sosa' nó 'cumhdaithe' á mbreithniú agam.

Toilleadh Deartha Bunaidh v Toilleadh Leapa Cillíní Cóiríochta Faoi Láthair

	Toilleadh Deartha Bunaidh			***Toilleadh Leapa Faoi Láthair***			
Ceann Staighre	Singil	Eile	Toilleadh Deartha	Singil	Dúbailte	Eile	Toilleadh Leapa faoi Láthair
A1	23	1x4	27	12	11	1x4	38
A2	42		42	36	6		48
A3	42		42	36	6		48
B1	25		25	22	3		28
B2	29	1x4	33	25	4	1x4	37
B3	31		31	26	5		36
C1	10	3x4	22	1	9	3x4	31
C2	22		22	9	13		35
C3	31		31	23	8		39
D1	26		26	14	12		38
D2	45		45	42	3		48
D3	45		45	41	4		49
Íoslach B	6	8x4	38	6		8x4	38
Aonad Míochaine	48	3x4	60	48		3x4	60
	425	64	**489**	341	84	16	**573**

7.11. Agus toilleadh leapa na gcillíní do cheathrar sa phríomhfhoirgneamh, ghlac mé leis nuair a cruthaíodh na cillíní sin, trí chillín amháin a dhéanamh as trí cinn, gur toilleadh 4 príosúnach a bhí i gceist leo. Ar an dóigh chéanna don

chleachtadh seo, rinne mé na cillíní iláitíochta in Íoslach B a áireamh do 4 príosúnach cé nár chóir dóibh ach 3 príosúnach a choinneáil i mo thuairim.

7.12. Is féidir a fheiceáil ón gcairt thuas gur do 489 príosunach é toilleadh deartha na gcillíní atá in úsáid amhail 16 Feabhra 2009 cé gurb é 573 toilleadh leapa luaite na gcillíní sin amhail an dáta céanna.

7.13. Rinneadh 84 cill shingil a dhúbailt trí leapacha buinc a chur iontu chun an toilleadh leapa luaite de 573 a bhaint amach.

7.14. Nuair a théann líon na bpríosúnach i bPríosún Mhuinseo thar 573, cuirtear cóiríocht ar fáil do na príosúnaigh breise le tochtanna ar an urlár i gcillíní ina bhfuil príosúnaigh cheana féin, nó i gcillíní nach chun na críche sin iad nó i gcillíní coinneála sa limistéar fáiltithe.

7.15. Tá Príosún Mhuinseo go leanúnach ag oibriú go mór thar an toilleadh leapa deartha agus thar a thoilleadh leapa luaite ó 1 Eanáir 2008.

7.16. Ba é 660 líon na bpríosúnach sa phríosún an 24 Feabhra 2009. Cuireadh cóiríocht ar fáil don farasbarr príosúnach le tochtanna ar urláir, i gcillíní nach chun na críche sin iad agus le tochtanna sa limistéar fáiltithe, áit ar coinníodh 15 príosúnach san oíche. Cuireadh cóiríocht ar fáil do na príosúnaigh sin i 3 seomra coinneála agus 8 in aon seomra amháin.

7.17. Bhí mé chomh buartha sin maidir leis an gcás is gur scríobh mé chuig an Roinn agus chuig Seirbhís Phríosúin na hÉireann an 27 Feabhra 2009 agus léirigh mé an eagla a bhí orm go bhféadfadh mórdhíobháil nó bás leanúint as an gcleachtas sin.

7.18. Níl sláintíocht in aon cheann de na 376 cillín ar sciatháin A, B, C, ná D. Tá ar na príosúnaigh sna cillíní sin árais fuail a fholmhú. Is é 391 toilleadh deartha na gcillíní sin (Féach fíor 1 thuas). Bhí 521 príosúnach sna cillíní sin an 16 Feabhra 2009. De réir an toilleadh leapa luaite, bhí leapacha (leapacha singile nó leapacha buinc) ann le haghaidh 475 príosúnach. Chiallaigh sé sin go raibh

46 príosúnach ar thochtanna ar an urlár nó i gcillíní nach chun críche cóiríochta iad.

7.19. Níl aon phríobháideacht in aon cheann de na cillíní a mionsonraítear i mír 7.8 thuas le go bhféadfaidh príosúnaigh díriú ar a riachtanais phearsanta. Is potaí nó buicéid iad na saoráidí sláintíochta atá ar fáil.

7.20. Rinne mo réamhtheachtaí, an Breitheamh Onórach Kinlen agus an CPT tagairt don phróiseas ina bhfolmhaítear árais fuail mar shlí mhídhaonna agus tháireach chun caitheamh le príosúnaigh. Aontaím gur slí mhídhaonna agus tháireach é sin le caitheamh le duine.

7.21. Níor chóir d'aon sochaí shibhialta seasamh don phróiseas ina bhfreastalaíonn príosúnaigh ar a riachtanais phearsanta gan phríobháideacht agus is ionann é agus a bheith ag caitheamh leo ar shlí mhídhaonna agus tháireach.

7.22. Is 'príosúnaigh cosanta' iad na príosúnaigh atá ar cheann staighre C2 agus in Íoslach B. Bíonn siad faoi ghlas ina gcillíní ar feadh 23 uair an chloig sa ló chun críocha cosanta.

7.23. Tá 22 cillín ar cheann staighre C2 le toilleadh deartha do 22 príosúnach (Féach fíor 1 thuas). Rinneadh toilleadh 13 de na cillíní sin a dhúbailt trí leaba bhuinc bhreise a chur i ngach ceann. Ba é 35 toilleadh leapa luaite C2 an 16 Feabhra 2009. Bhí 46 príosúnach ar an gceann staighre sin an dáta sin. Bhí 11 príosúnach ar thochtanna ar an urlár nó i gcillíní nach raibh sé i gceist iad a úsáid chun críocha cóiríochta.

7.24. Tá 6 cillín shingil agus 8 cillín do cheathrar in Íoslach B. Tugann sé sin toilleadh leapa 38. Bhí 48 príosúnach sa limistéar sin an 16 Feabhra 2009. Bhí 10 príosúnach ar thochtanna ar an urlár nó i gcillíní nach raibh sé i gceist iad a úsáid chun críocha cóiríochta.

7.25. Tá sé mídhaonna agus táireach cóiríocht a chur ar fáil do phríosúnaigh a sháraíonn an toilleadh deartha sna dálaí ina mbíonn siad faoi ghlas ar feadh 23 uair an chloig sa ló.

7.26. Mar a luaitear i mír 2.9, táim i mbun próiseas cigireachta ar Phríosún Mhuinseo. Déanfaidh mé forléiriú maidir leis an bhfadhb sin agus ábhair imní eile i mo thuarascáil ar an bpríosún.

Príosún Chorcaí

7.27. Dearadh an príomhbhloc de Phríosún Chorcaí i dtús aimsire chun cóiríocht a chur ar fáil do 140 príosúnach i gcillíní singile. Is príosún beag atá ann.

7.28. Tá 124 de na cillíní bunaidh in úsáid mar 'chillíní cóiríochta' i láthair na huaire. Chuathas i mbun oibreacha éagsúla sa phríosún agus mar thoradh air sin, tógadh 12 cillín, a thógann 3 príosúnach an ceann. Tá 2 cillín ar cheann staighre B1 atá rangaithe ina 'gcillíní coinneála'.

7.29. Tá aonad deighilte Phríosún Chorcaí déanta suas de 10 cillín shingil agus is 'cillíní cumhdaithe' 2 díobh sin.

7.30. Is do 168 príosúnach dá bhrí sin é toilleadh leapa Phríosún Chorcaí.

7.31. Tá dúbailt déanta ar 114 de na cillíní singile a dearadh i dtús aimsire, rud a thugann toilleadh leapa luaite de 282 sna 'cillíní cóiríochta'.

7.32. Dá mba rud é go raibh 282 príosúnach i bPríosún Chorcaí, bheadh plódú de 114 príosúnach sa phríosún.

7.33. D'oibrigh príosún Chorcaí thar a thoilleadh leapa luaite go leanúnach le linn na tréimhse a chlúdaíonn an tuarascáil seo. Ba é 308 líon na bpríosúnach sa phríosún an 13 Feabhra 2009. Chiallaigh sé sin go raibh 140 príosúnach sa bhreis ar a thoilleadh deartha agus 26 príosúnach sa bhreis ar a thoilleadh leapa luaite sa phríosún.

7.34. Nuair a théann líon na bpríosúnach i bPríosún Chorcaí thar an toilleadh leapa, cuirtear cóiríocht ar fáil do na príosúnaigh breise le tochtanna ar an urlár i gcillíní, atá ag oibirú thar a dtoilleadh deartha cheana féin i roinnt cásanna nó i gcillíní nach chun na críche sin iad.

7.35. Níl sláintíocht in aon cheann de na 136 cillín sa phríomhbhloc.

7.36. Bíonn roinnt 'príosúnach cosanta' i gcónaí i bPríosún Chorcaí a bhíonn srianta nó a bhíonn faoi ghlas ar feadh 23 uair an chloig sa ló. Bhí 71 'príosúnach cosanta' i bPríosún Chorcaí an 13 Feabhra 2009.

7.37. Baineann mo chuid tagairtí i míreanna 7.19, 7.20 agus 7.21 thuas leis an gcás i bPríosún Chorcaí chomh maith le Príosún Mhuinseo.

Príosún na mBan i Luimneach

7.38. Is príosún sách nua é Príosún na mBan i Luimneach a bhfuil toilleadh deartha aige do 10 príosúnach i gcillíní singile sa limistéar 'cóiríochta'.

7.39. Tá sláintíocht sna cillíní. Tá an chuid sin de na cillíní sciata ón bhfuinneog bhreathnadóireachta sa doras. Níl na saoráidí sláintíochta agus níocháin sciata ón gcuid eile den chillín.

7.40. Tá na 10 cillín dúbailte anois agus tá leapacha buinc iontu. Is é 20 an toilleadh leapa luaite i bPríosún na mBan i Luimneach – dhá oiread an toilleadh deartha bunaidh.

7.41. D'oibrigh Príosún n amBan i Luimneach ag a thoilleadh leapa luaite de 20 nó os a chionn roinnt uairteant le linn na tréimhse a chlúdaíonn an tuarascáil seo. Bhí 29 príosúnach mná i bPríosún Luimnigh an 27 Meitheamh 2008 – beagnach trí oiread an toilleadh deartha. Is ionann sin agus a bheith ag caitheamh go mídhaonna le príosúnaigh.

7.42. Nuair a théann líon na bpríosúnach thar 20, cuirtear cóiríocht ar fáil do na príosúnaigh breise le tochtanna ar an urlár, rud a mhéadaíonn toilleadh deartha cillíní den sórt sin faoi thrí, nó i gcillíní speisialta nach raibh sé i gceist riamh iad a úsáid chun críche cóiríochta.

7.43. Sa chás a mbíonn cillín á roinnt ag 2 príosúnach mná nó níos mó, caithfidh gach duine díobh freastal ar a riachtanais phearsanta os comhair agus i bhfoisceacht cúpla troigh den duine nó daoine eile. Tá sé sin mídhaonna agus táireach do na príosúnaigh atá sna cillíní sin.

Iarmhairtí a bhaineann go ginearálta le plódú

7.44. Nuair a bhíonn príosúin plódaithe bíonn teannas le sonrú ar fud na bpríosún sin.

7.45. Tá na saoráidí atá i bpríosúin cheana féin (saoráidí atá go hiomlán neamhleor i roinnt cásanna) dírithe chun freastal ar líon príosúnach atá bunaithe ar thoilleadh deartha na bpríosún sin.

7.46. Nuair a bhíonn príosúin plódaithe, ní bhíonn na saoráidí atá iontu cheana féin leordhóthanach (má tá siad leordhóthanach fiú chun freastal ar an toilleadh deartha) chun déileáil le hardú den sórt sin i líon na bpríosúnach sa phríosún.

7.47. Áirítear iad seo a leanas ar na saoráidí atá i gceist agam:-

- Saoráidí scoile
- Saoráidí ceardlainne
- Saoráidí oibre ginearálta
- Saoráidí Áineasa
- Saoráidí lónadóireachta
- Saoráidí níocháin
- Saoráidí míochaine
- Saoráidí athshlánúcháin

- Saoráidí cithfholctha agus sláinteachais phearsanta
- Saoráidi cuairte
- Saoráidí cuardaigh

7.48. Cuireann plódú brú an-mhór ar bhainisteoirí agus ar na hoifigigh go léir a bhíonn ag obair i bpríosúin den sórt sin.

7.49. Nuair a bhíonn príosúin plódaithe, tógtar oifigigh ó roinnt post chun iad a chur chuig limistéir níos íogaire agus níos tábhachtaí. Déantar é sin ar chúiseanna slándála. Is ionann é sin i mbeagnach gach cás agus saoráidí do phríosúnaigh a tharraingt siar.

7.50. Is féidir le foréigean idir príosúnaigh leanúint as plódú. (Féach Caibidil 11). Nuair a leanann foréigean idir príosúnaigh as sin, ní féidir a rá go bhfuil príosúnaigh i bpríosúin phlódaithe den sórt sin sábháilte.

7.51. Tuigim, agus mé ag scríobh na tuarascála seo, go bhfuil Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag déanamh socruithe chun cillíní a dhúbailt i roinnt príosún chun cóiríocht a chur ar fáil don líon príosúnach atá ag dul i méid. Déanfaidh sé sin an scéal atá tromchúiseach cheana féin níos measa.

CAIBIDIL 8

Riaradh Pianbhreitheanna

8.1. Ba chóir go mbeadh athshlánú na ndaoine a dhéanann coireanna ar cheann de chuspóirí príosúin. Ba chóir gurb é an aidhm bhunúsach le córas riartha pianbhreitheanna ar bith ná príosúnaigh a athshlánú, rud a chuirfidh ar a gcumas athlánpháirtiú isteach sa phobal mar shaoránaigh a bheidh géilliúil don dlí nuair a scaoilfear saor iad.

8.2. Is é an buntáiste amháin is suntasaí a bhaineann le córas riartha pianbhreitheanna ceart ná meath suntasach sa ráta atitimeachais.

8.3. Baineann iarmhairtí diúltacha le daoine a chur chun príosúin lena gcoinneáil, iarmhairtí diúltacha don phríosúnach agus don tsochaí i gcoitinne. Ní mór a aithint go dteastaíonn go mbeadh príosúin ina n-áiteanna ar féidir le daoine athrú. Bíonn go leor fadhbanna sóisialta ag formhór na bpríosunach agus is minic gur sa phríosún a dhéantar na fadhbanna sin a shainaithint don chéad uair. Mura ndéileálfar leis na fadhbanna sin, nuair a dhéantar iad a shainaithint, in go leor cásanna ní éireoidh leis an bpríosúnach athlánpháirtiú i gceart sa tsochaí nuair a fhágfaidh sé nó sí an príosún, rachaidh sé nó sí i dtreo saol na coireachta arís agus na fadhbanna bunúsacha aige nó aici fós agus ar deireadh cuirfear sa phríosún arís é nó í.

8.4. Ba chóir go mbeadh plean maidir le pianbhreitheanna ann do gach príosúnach faoi phianbhreith de 12 mí nó níos faide. Ba chóir go gclúdódh sé sin an tréimhse ó chuirtear an príosúnach sa phríosún nó go scaoiltear saor é nó í. Ba chóir go mbeadh an plean sin a indibhidiúlú chun freastal do gach príosúnach ach tríd is tríd, ba chóir go ndéanfadh sé soláthar d'oideachas, do ghairmoiliúint, riachtanais a bhaineann le cionta agus cionta a dhéanamh, riachtanais leasa, riachtanais sláinte, imthosca aonair an phríosúnaigh i measc nithe eile agus ba chóir go dtabharfadh sé aghaidh ar aon saincheisteanna a thagann chun cinn a d'fhéadfadh cosc a chur ar athslánú príosúnaigh den sórt sin. Ba chóir go mbeadh an príosúnach feasach ón tús maidir lena bhfuiltear

ag súil leis uaidh/uaithi má úsáidtear na seirbhísí atá ar fáil, más féidir loghadh breise a fháil agus an dáta a bhfuil sé/sí le scaoileadh saor. De ghnáth, meastar é a bheith tábhachtach go mbeadh príosúnaigh páirteach i bplé i ndáil leis an bplean pianbhreithe, rud a spreagfaidh iad freagracht a ghlacadh dóibh féin. Ós rud é go maireann riaradh pianbhreitheanna fad is a bhíonn príosúnaigh i bpríosún agus i ndiaidh iad a scaoileadh saor, ní mór don phlean athrú de réir mar a athraíonn riachtanais na príosúnach.

8.5 Glactar le cur chuigí difriúla sna dlínsí difriúla maidir le córas riaradh pianbhreith príosúnach, ach féachann sé ón réamhthaighde atá déanta agamsa go bhfuil roinnt de na gnéithe céanna á dtionscnamh acu. Féachann sé go bhfuil an córas atá dreasacht-bhunaithe ar an gceann is éifeachtúla. Mar shampla tá an córas príosún i nDeisceart na hAstráile dreasacht-bhunaithe lena n-áirítear cóiríocht níos fearr, aistriú chuig príosúin ísealshlándála, oibriú ar fheirmeacha príosún an phríosúin, agus deonú scaoileadh lae srl[1]. D'fhéadfadh córas atá dreasacht-bhunaithe a bheith níos éifeachtúla ná an uaihtheidhlíocht ar phribhléidí /loghadh. D'fhéadfadh príosúnach páirt níos forghníomhaigh a bheith aige dá mbeadh sé ag iarraidh pribhléidí/loghadh áirithe a shaothrú seachas iallach a bheith air páirt forghníomhach a ghlacadh. D'fhéadfadh sé dea-iompar a spreagadh i measc na bpríosúnach. Ina theannta sin d'fhéadfadh córas atá dreasacht-bhunaithe a dhul chun sochair níos mó don sochaí mar go bhféadfadh sé go mbainfeadh an príosúnach rud éigin amach ar a thuillteanas/a tuillteanas féin agus go bhfeabhsódh a meoin freagrachta, rud a spreagfadh é nó í fanacht glan ar choiriúlacht.

8.6 Tá sé soiléir ón taighde chomh maith nach mór riachtanais scaoileadh príosúnach a bheith ullmhaithe go maith roimh ré. Is féidir le scaoileadh grádaithe ról tábhachtach a imirt in athshlánúcháin príosúnaigh go háirithe príosúnaigh fadtéarmacha lena chur ar a gcumas athlonnú sa phobal. Is féidir le riaradh pianbhreitheanna béim mhór a chur ar sholáthar cláir réamhscaoileadh agus iar-scaoileadh. Tá sé riachtanach go mbeadh forchéimniú réidh ón saol sa phríosún chuig an saol sa phobal. Taobh amuigh

[1] Féach www.corrections.sa.gov.au/prisons/

de líon beag príosúnach bíonn deacracht ag an gcuid is mó de phríosúnaigh filleadh ar an saol sa phobal.

8.7 Is féidir ról tábhachtach a bheith ag rannpháirtíocht fostaíochta agus gairmoiliúna (réamhscaoileadh agus iar-scaoileadh araon) in athslúnúchán rathúil na bpríosúnach. Léirigh taighde sa Bhreatain[2] agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá[3] go bhféadfadh sé go laghdódh rannpháirtíocht i gcláir fostaíochta agus oiliúna an fhéidearthacht go rachadh príosúnaigh i mbun na coiriúlachta arís.

8.8 Tá cohóirt éagsúil príosúnach laistigh den chóras príosúin in Éirinn, gach aon duine acu sin le sain-riachtanais lena n-áirítear *inter alia* príosúnaigh a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, ógánaigh, príosúnaigh fadtéarmacha/príosúnaigh atá ag cur príosúin saoil isteach, ciontóirí gnéis, príosúnaigh atá faoi chosaint, phríosúnaigh ban agus príosúnaigh atá rangaithe mar bhaol íseal. Sa chomhthéacs seo, ba chóir go mbeadh róil dhifriúla ag príosúin dhifriúla laistigh den chóras riartha pianbhreitheanna. I dtús báire ba chóir measúnú a dhéanamh ar phríosúnaigh leis an mbaol a bhaineann leo a dhéanamh amach agus an cinéal oideachais, cláir, oiliúint agus/nó cóireála is oiriúnaí dá riachtanais aonair a dhéanamh amach. D'fhéadfadh sé ansin go rachadh na príosúnaigh ar aghaidh de réir a chéile tríd an gcóras príosún. Ba chóir go mbeadh príosúin nua-aimseartha ar nós Príosún Chruithneachtáin ina bharrshamhail le héascú a dhéanamh ar riaradh pianbhreitheanna do ghrúpaí níos lú, ar nós príosúnaigh atá faoi chosaint mar go bhfuil siad deighilte in aonaid atá níos lú, agus go bhfuil a chuid saoráidí agus a chuid seirbhísí féin ag gach aon aonad. Faoi láthair oibríonn an phlódú i Príosún Chruithneachtáin i gcoinne aon mhaitheas a d'fhéadfadh a bheith ann do riaradh pianbhreitheanna príosúnach. D'fhéadfadh ról atá rí-tábhachtach i réamhscaoileadh a bheith ag príosúin oscailte agus ag an Aonad Oiliúna in aon chóras riartha pianbhreitheanna. Baintear úsáid as na príosúin oscailte Theach an Locháin agus Theach na gCanónach, go pointe, le déileáil leis an bplódú

[2] Féach Cook, S., "Inside Track", The Guardian Newspaper Feabhra 5ú 2003
[3] Uggen, C., & Staff, J., "Work as a Turning Point for Criminal Offenders", (2001) 5(4) Corrections Management Quarterly 1-16

sna príosúin dhúnta agus mar sin ní bheadh acu ach ról an-bheag i riaradh éifeachtach a dhéanamh ar phríosúnaigh tríd an gcóras príosún.

8.9 Tá córas riartha pianbhreitheanna Comhtháite (ISM) forbartha ag Seirbhís Príosún na hÉireann. Is é croí-sprioc an ISM ná gníomhú ar cur chuige atá príosúnach-lárnaithe i ndáil le pianbhreitheanna coinneála. Rinneadh píolótú ar an gcóras le linn an tSamhraidh 2008 i bpríosúin Chruithneachtáin agus Chnoc an Arbhair. Tá príosúnaigh nua-chiontaithe atá ag cur isteach pianbhreith bliana nó níos mó i dteideal páirt a ghlacadh san ISM. Chomhaontaigh 20 príosúnach ó Chnoc an Arbhair agus 45 príosúnach ó Príosún Chruithneachtáin a bheith rannpháirteach. Déantar measúnú ar phríosúnaigh atá incháilithe laistigh de 72 uaire an chloig tar éis dóibh a bheith cimithe le riachtanais áirithe an phríosúnaigh in iliomad réimsí a aithint lena n-áirítear inter alia cóiríocht, oideachas agus iompar ciontach. Ansin cuirtear Plean Lánpháirtithe Pearsanta le chéile. Déantar é seo a atbhreithniú ag idirthréimshí, ag braith ar cibé an bhfuil an príosúnach rannpháirteach in ISM caighdeánach nó in ISM feabhsaithe. Ar deireadh, ullmhaítear plean réamh-scaoilte thar 9 mí roimh scaoileadh an phríosúnaigh.

8.10 Faoi láthair tá na príosúnaigh ar fad atá sa scéim phíolótach ag céimeanna difriúla sa phróiseas. Le linn na bliana 2009 tá sé i gceist an dá scéim phíolótach a chomhdhlúthú agus a thabhairt chun críche i 2 phríosún, tabhairt faoi phróiseas meastóireachta, na hathruithe riachtanacha a dhéanamh ar an gcóras agus príomhshruthú a dhéanamh ar na samhlacha athbhreithnithe i bPríosún Chruithneachtáin agus Chnoc an Arbhair. Leagan Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2008-2010 síos sprioc don ISM, sé sin go dtabharfar tairiscint ar rannpháirtíocht san ISM do 20% de príosúnaigh nua-chiontaithe le pianbhreith de aon bhliain amháin nó níos mó faoi dheireadh na bliana 2010. Tosóidh an ISM i bPríosún Ban Dhóchais, san Aonad Oiliúna agus i bhForas Naomh Pádraig in 2009 agus táthar ag súil go bhfreastalóidh sé ar sprioc na Roinne faoin mbliain 2010. Mairdir leis seo, tugaim ar aird agus fáiltím roimh an tiomantas sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013.

8.11 Fáiltím roimh an ISM mar thionscnamh atá nuálach agus dearfach. D'fhéadfaí cur leis mar struchtúr riartha pianbhreitheanna atá níos cuimsitheach ina mbeadh páirt thábhachtach chomhionann ag dreasachtaí agus ag gné na scaoileadh forchéimnithe.

8.12 Fáiltím roimh an doiciméad comhcomhairleach atá eisithe ag an Roinn agus a dhéileálann le cóireáil ciontóirí gnéis i bPríonsúin na hÉireann. Dhéanfadh an tionscnamh seo comhlánú ar scéim riartha pianbhreitheanna struchtúrtha don ghrúpa príosúnach sin.

8.13 Tá sé spéisiúil a thabhairt ar aird go raibh córas riartha pianbhreitheanna i bhfeidhm i Príosún Mhuinseo idir 1964 agus 1974 do phríosúnaigh a bhí ag cur isteach pianbhreith de 6 mhí nó os a chionn. Tugann fianaise starógach le fios gur triail fhiúntach a bhí anseo, ach faraor, triail a ligeadh in éag.

8.14 Tá Riaradh Dearfach Pianbhreitheanna i bhfeidhm i bhForas Naomh Pádraig faoi láthair. Ní dhearnadh aon mheasúnú cuimsitheach ar an gcóras sin go fóill.

8.15 Tá sé d'oibleagáid ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cúraim a ullmhú do gach leanbh atá tógtha faoi chúram faoi Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh i gCúram Altrama) 1995 agus faoi Rialacháin um Chúram Leanaí (Leanaí a Shuíomh i gCúram Cónaithe) 1995. Is plean cuimsitheach atá i gceist anseo do todhchaí an linbh. Tá sé deartha do shainriachtanais an linbh ach is féidir é a leasú de réir mar is gá chun freastal ar chúinsí athraitheacha de réir mar a thagann siad chun cinn. Ba chóir go nglacadh córas riartha pianbhreitheanna na nithe atá dearfach ar bord ó na leithéid de Phleananna Cúraim.

8.16 Tá roinnt mhaith saincheisteanna eile nach mór a bhreithniú sula mbreithneofar córas riartha pianbhreitheanna éifeachtúla. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas:- a) oiliúint foirne , b) lánpháirtiú na ngníomhaireachtaí riachtanacha éagsúla, c) scaipeadh an eolais ábhartha ar na páirtithe cuí, d) cibé an bhféadfadh an méadú ar an ró-oifigiúlacht

(pháipéarachas) a bhreithniú a bheith iomarcach, agus, e) cibé an mbeadh na seirbhísí fánacha atá á soláthar sa phobal faoi láthair leordhóthanach. Is é an plódú sna príosúin an chonstaic is mó atá roimh fheidhmiú rathúil an chórais riartha pianbhreitheanna i bpríosúin na hÉireann. Ní mór aghaidh a thabhairt air sin.

8.17 Mar gheall gur Oifig Neamhspleách í Oifig Chigire na bPríosún níl sé suas domsa forordú a dhéanamh ar an gcóras cruinn riartha pianbhreitheanna ba chóir a bheith i bhfeidhm in Éirinn; tá sé sin suas do Sheirbhís Príosún na hÉireann i gcomhar leis an Roinn. Tá tús curtha agam le próiseas comhcomhairleach leathan lena fháil amach cad a d'fhéadfaí a bhreithniú d'Éirinn agus cad a feidhmíonn i ndlínsí eile. Nuair a bheidh an próiseas comhcomhairleach tugtha chun críche agam tá sé i gceist agam tuarascáil a fhoilsiú a chuirfidh mionsonraí ar fáil maidir leis an mbealach chun cinn a mholfar. Táim muiníneach go spreagfaí an tuarascáil seo díospóireacht ar an ábhar tábhachtach seo agus go bhfeidhmeoidh sé mar threoir don Roinn agus do Sheirbhís Príosún na hÉireann agus an t-athchóiriú atá thar a bheith riachtanach á thabhairt isteach.

CAIBIDIL 9

Saincheisteanna Meabhairshláinte

9.1. Mar a dúirt mé i mo Thuarascáil Eatramhach tá saincheist meabhairshláinte inár bpríosúin ina údar mór imní domsa. Dúirt mé go ndíreoidh mé ar an tsaincheist seo i dtuarascálacha ina dhiaidh sin.

9.2. Bhí comhairliúcháin agam leis an Ollamh Harry Kennedy agus le comhaltaí dá fhoireann ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar (CMH), leis an Dr. Patrick Devitt, Cigire na Seirbhíse Meabhair-Shláinte, leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, le Sheirbhís Príosún na hÉireann agus le roinnt mhaith eile a bhfuil leas acu san ábhar seo.

9.3. Thug mé cuairt ar an CMH, ar an Shannon Clinic i mBéal Feirste agus ar chlár In-rochtana Príosúin an CMH i bPríosún Chnoc Seimre.

9.4. Tá mionfhaisnéis leathan faighte agam maidir le feidhmiú an CMH agus an Chláir In-rochtana ar aon i Príosún Chnoc Seimre

9.5. Tá sé i gceist agam cur le mo phróiseas comhairliúcháin le pictiúr iomlán a fháil de na saoráidí atá ar fáil do phríosúnaigh nach amháin go bhfuil fadhbanna meabhairshláinte á bhfulaingt acu ach go dteastaíonn cúram sláinte búnasach uathu inár gcuid príosúin.

9.6. Is ábhar é seo atá thar a bheith casta mar go bhfuil roinnt mhaith gníomhaireachtaí rannpháirteach ann.

9.7. Tá sé i gceist agam tuarascáil a fhoilsiú amach anseo ar na saincheisteanna cúram sláinte ar fad inár gcuid príosúin agus beidh béim faoi leith á chur ar mheabhairshláinte, saincheist atá rí-thábhachtach.

CAIBIDIL 10

Drugaí sna Príosúin

10.1. Tá an fháil atá ar dhrugaí sna príosúin ina dhúshlán leanúnach do Sheirbhís Príosún na hÉireann. Tá sé tábhachtach nach ndíreoidh an tSeirbhís ar fháil réidh leis an soláthar drugaí chuig na príosúin agus sin amháin ach i gcomhar leis sin go gcuirfí acmhainní dóthanacha ar fáil le hathshlánúchán agus cóireáil a chur ar phríosúnaigh gur andúiligh drugaí iad. Tá príosúnaigh i dteideal cúram sláinte atá ar chaighdéan, lena n-áirítear cláir chóireála drugaí, comhionann leis an gclár atá ar fáil sa phobal.

10.2. Tá Seirbhís Príosún na hÉireann tiomanta do sheirbhís príosúin atá saor ó dhrugaí a chur ar fáil. Fós is mian uaillmhianach atá anseo. Mar a dúirt mé i mo chuid Tuarascálacha ar Eastát Oscailte Theach an Locháin (2008) agus ar Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh (2009) is léir go bhfuil drugaí ar fáil sna príosúin in Éirinn.

10.3. Tá cuid maith scríofa sa phreas le blianta beaga anuas faoi chomh forleathan is atá drugaí sa phríosún. D'aimsigh mé fianaise ar úsáid drugaí neamhdhleathacha inár gcuid príosúin. Agus mé i mbun iniúchadh ar Eastát Oscailte Theach an Locháin (2008) fuair mé amach as na 553 príosúnach a aistríodh ansin as príosúin eile sa bhliain 2007 go raibh 529 acu roghnaithe le haghaidh tástáil dhrugaí. Ina measc siúd nár roghnaíodh bhí daoine scothaosta nó príosúnaigh le fadhbanna leighis eile. Dhiúltaigh 12.48% acu siúd a roghnaíodh nó theip ar iad a thástáil. Mheas an bhainistíocht do chríocha a gcuid staitisticí gurbh ionann diúltú nó teip agus toradh dearfach. Astu siúd a ndearnadh tástáil orthu, thástáil 31.76% acu dearfach do drugaí neamhdhleathacha. Ag togáil na bpríosúnach a thástáil dearfach san áireamh agus na daoine sin a dhiúltaigh nó ar theip orthu, ba 44.24% an ceatadán a thástáil dearfach sa bhliain 2007 (Canabas an druga is coitianta). Ag tógáil san áireamh gur grúpa príosúnach iad seo atá measta a bheith saor ó dhrugaí is údar imní tromchúiseach atá ann agus ciallaíonn sé go bhfuil leibhéal

foriomlán mí-úsáid drugaí inár gcuid príosúin an-ard. Spreagann sé sin an tuairim go raibh drugaí ar fáil sna príosúin dhúnta ar tháinig na príosúnaigh sin astu. Is as príosúin an Chaisleáin Riabhaigh, Príosún Chruithneachtáin, Lár Tíre, Luimnigh, Foras Naomh Pádraig, Mhuinseo, Phort Laoise agus Cnoc Seimre na príosúin ar aistríodh na príosúnaigh astu a thástáil dearfach.

10.4 Is iomaí bealach gur féidir drugaí a thabhairt isteach sna príosúin. Le roinnt mhaith blianta tá drugaí á gcaitheamh thar na ballaí atá thart ar na príosúin, tá daoine a thagann ar cuairt chuig príosúnaigh ag tabhairt isteach drugaí trína gcur i bhfolach i gcuas coirp (de ghnáth, príosúnaigh atá ar chimiú nó tar éis a bheith ar scaoileadh sealadach atá i gceist anseo), nó bíonn drugaí curtha i bhfolach laistigh d'earraí a bhíonn á dtabhairt isteach chuig príosúnaigh, agus faraor, tugann roinnt daoine ón fhoireann drugaí isteach.

10.5. Tá iarracht chomhoibrithe idir lámha ag Seirbhís Príosún na hÉireann le dhá bhliain anuas le laghdú a dhéanamh ar an soláthar drugaí neamhdhleathacha a théann isteach sna príosúin. I measc na mbearta a glacadh áirítear inter alia tabhairt isteach an méid seo a leanas: - seirbhís madraí chun drugaí a bhrath, na hAonaid Thacaíochta Oibríochta, úsáid na nua-theicneolaíochta le linn cillíní a bheith á gcuardach, slándáil fheabhsaithe ar imeall na bpríosún, scrúdú slándála fheabhsaithe ar gach duine atá ag teacht isteach sna príosúin dhúnta agus dearthaí nuálacha príosúin a bhfuil sé i gceist leo slándáil níos fearr a chinntiú – m.sh. clóis phríosúin a chur i lár na bpríosún. Tá laghdú déanta ag na bearta seo ar an sruth drugaí a thagann isteach sna príosúin. Go deimhin, ba mar gheall ar na nósanna imeachta scanadh nua atá á dheanamh ar chuairteoirí seachas plódú, mar a tuairiscíodh sa phreas, a tharla an chíréib i bPríosún Mhuinseo i mí Iúil na bliana 2008, mar atá luaite i mír 4.6.

10.6. Tá an cathaoir B.O.S.S. (scanóir shlándála ar oscailt colainne) a ndearnadh píolótú uirthi i bPríosún Chnoc Seimre curtha ar fáil i dtrí phríosún eile anois. Cuirfear ceithre cathaoir eile ar fáil i gceithre phríosún eile níos déanaí i mbliana. Tá an cumas ag an gcathaoir ardteicneolaíochta seo airm, teileafóin agus ábhair chontrabhanna atá i bhfolach i gcuas coirp a bhraith. Nuair a shuíonn duine ar an gcathaoir déantar scanadh ar chuas coirp an duine sin ar

bhealach atá neamh-ionrach agus imeoidh aláram má bhraitear ábhair chontrabhanna.

10.7. Is mian liom an méid a thug príosúnaigh agus cuairteoirí chuig príosúnaigh le tuiscint domsa go bhfuil an nós imeachta scanadh agus an cuartú ionrach ar bhonn pearsanta agus go dtéann siad níos faide ná ba chóir dóibh dul, a bhréagnú. Is féidir an scanadh a chur i gcomparáid leis an gcineál a bhíonn ar siúl ag aerfoirt. Is gné den phróiseas scanadh iad na madraí a bhraitheann drugaí. Ní dhéantar nochtchuardach nó leath-nochtchuardach ar chuairteoirí mar atá líomhnaithe. Bhí mé féin ansin go minic agus na nósanna imeachta scanadh agus cuardaithe seo ar siúl. Téann an fhoireann agus mé féin thríd na nósanna imeacha scanadh céanna agus a théann an uile dhuine a thagann isteach sna príosúin. Táim sásta go bhfuil meas á léiriú do dhínit an duine ag na hoifigigh príosúin i gcónaí. Ní mór don bhainistíocht a bheith ar an eolas i gcónaí go bhfuil an poitéinseal ann sna cásanna seo maidir le beagán ciapadh agus nach mór dóibh a bheith airdeallach agus faire amach dá leithéid mar go mbíonn na cuairteoirí a thagann chuig príosúin i riocht leochailleach i gcónaí. I dtaca leis sin ba chóir dom a thabhairt ar aird nach gcaitheann oifigigh príosúin aon aitheantas pearsanta. Cruthóidh sé sin deacrachtaí sa chás go dteastódh ó bhall den phobal nó uaidh phríosúnach oifigeach áirithe a aithint go héasca dá mbeadh orthu é sin a dhéanamh. Más rud é go bhfaightear drugaí nó ábhair chontrabhanna eile le linn na nósanna imeachta scanadh agus cuardaithe nó má tá oifigigh atá i mbun an cuardaithe den tuairim go bhfuil drugaí nó ábhair chontrabhanna eile i bhfolach air nó sna daoine atá á gcuardach glaoitear ar na Gardaí agus tógann siadsan an cás ar lámh.

10.8 Tá sé tábhachtach go mbeadh sé éasca oifigigh príosúin a aithint. Mar sin ba chóir Uimhir Aitheantais a thabhairt do gach oifigeach príosúin (cosúil leis na cinn a éisítear ar na Gardaí). Ba chóir é sin a chaitheamh ar éide ag gach tráth le linn a bheith ar dualgas.

10.9 Glacaim leis go bhféadfadh Seirbhís Príosún na hÉireann níos mó a bheith déanta acu agus gur chóir dóibh níos mó a dhéanamh le príosúnaigh agus cuairteoirí chuig príosúnaigh ar aon a chur ar an eolas maidir leis an nós

imeachta go díreach atá i gceist leis an scanadh agus leis an gcuardach. B'fhéidir go laghdódh suiteáil mhonatóra i seomra na gcuairteoirí a léiríonn go díreach cad atá i gceist leis an nós imeachta ar nós an chuid ará curtha ar fáil in aerfoirt, an mearbhall atá ar dhaoine maidir leis an nós imeachta sin.

10.10. Tá an fháil atá ar seirbhísí athshlánúcháin ó dhrugaí agus ar sheirbhísí cóireála do phríosúnaigh méadaithe ag Seirbhís Príosún na hÉireann. Áirítear i measc seirbhísí den chineál seo *inter alia* fáil a bheith ar chláir díthocsainiúcháin, ar chláir chothabhála meatadóin, ar chláir oideachais, ar chomhairliúchain andúile, ar chláir theiripe drugaí agus tá méadú déanta ar an tseirbhís ó síceolaithe. Tá ceann staighre nó aonaid atá saor ó dhrugaí ar fáil i roinnt príosúin rud a d'fhéadfadh cúnamh a chur ar fáil do phríosúnaigh agus iad i mbun iarrachtaí díthocsainiúcháin. Níl na seirbhísí sin ar fad atá luaite thuas ar fáil i ngach príosún. Níl cothabháil meatadóin ar fáil i ngach ceann de na príosúin dhúnta. Ina dhiaidh sin agus uile, cuireadh cóireáil ar 1840 príosúnach faoi na cláir chothabhála meatadóin i 9 bpríosún in 2007. Níl an clár díthocsainiúcháin drugaí struchtúrtha ach le fáil i bPríosún Mhuinseo amháin agus níl ach naoi n-áit ar fáil ar an gclár sin ag aon tráth amháin. Níl aon seirbhísí cóireála ná athshlánúcháin ar fáil sna príosúin oscailte/leath-oscailte. Bhí ceatadán suntasach drugaí i gcóras na bpríosúnach a aistríodh (mír 10.3) chuig Ionad Oscailte Theach an Locháin ag an am ar aistríodh iad. Cuireann sé seo leis an gcás gur chóir saoráidí cóiréala drugaí a bheith ar fáil ina leithéid sin de phríosúin. Dá mbeadh a leithéid sin de phríosúin á n-úsáid go héifeachtach sa chóras riartha príosúin foriomlán (Caibidil 8) b'fhéidir nach mbeadh gá lena leithéid sin de shaoráidí.

10.11. Thug Rialacha Príosúin na hÉireann 2007 isteach forálacha sonracha i ndáil le tástáil dhrugaí sainordaitheach ar phríosúnaigh. Ní dhéantar é sin i ngach príosún. Ba chóir do Sheirbhís Príosún na hÉireann féachaint ar tástáil drugaí sainordaitheach ar gach phríosúnach i ngach príosún ar bhonn práinne mar a dheántar in Ionad Oscailte Theach an Locháin. Bheadh buntáiste faoi dhó le fáil as tástáil drugaí sainordaitheach ar gach phríosúnach: - a) bheadh méid na faidhbe le feiceáil ar an bpointe, agus, b) d'fhéadfaí an phleanáil chuí a dhéanamh chun déileáil leis an bhfadhb.

10.12. Ba chóir go mbeadh limistéir shainiúla leagtha amach i ngach príosún mar limistéir atá ‘saor ó dhrugaí’. Ba chóir iad seo a thabhairt isteach láithreach. Cuirfidh easpa a leithéid sin de limistéir as d’iarrachtaí athshlánúcháin na bpríosúnach, saothair in aisce a bheadh ann in iarrachtaí cúnamh a chur ar fáil agus d’fhéadfadh sé cur leis na fadhbanna leanúnacha a baineann le saol príosúin a bhfuil drugaí mar chuid de.

10.13. Déanfaidh mé tagairt den ábhair seo i dtuarascálacha ar phríosúin aonair amach anseo ma bhíonn sé sin cuí.

CAIBIDIL 11

Coimhlint idir Phríosúnaigh

11.1 Tá sé de dhualgas ar an Stáit aire a thabhairt do na príosúnaigh atá faoi choimeád acu. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an léibhéal foréigin i measc na bpríosúnach tá soláthar slánchoimeád ina fhadhb atá ag dul i méid i gcónaí. D'fhéadfadh sé seo a bheith ar aon dul le leibhéal an foréigin atá ag dul i méid sa sochaí an t-am ar fad. Tugann fianaise starógach ó phríosúnaigh, oifigigh príosúin agus ó dhaoine eile atá ag obair sna príosúin nó atá ag cur seirbhísí ar fáil do na príosúin le fios go bhfuil eachtraí leanúnacha foréigin ag tarlú i measc na bpríosúnach. Tá an teannas atá sna príosúin éagsúla inbhraite. Sa tuarascáil is déanaí ón CPT maidir le hÉirinn, léiríonn siad údar imní maidir le leibhéal an fhoréigin i measc na bpríosúnach[4].

11.2 D'fhéadfadh bullaíocht agus imeaglú tarlú in aon áit in aon phríosún. Ní mór don bhainistíocht a bheith ar an airdeall maidir leis seo ag gach tráth mar nach dtuairiscítear gach eachtra – i roinnt mhaith cásanna is fearr leis na príosúnaigh déiléail le saincheisteanna den chineál seo 'ina mbealach féin'. Tá sé tábhachtach go bhfiosródh an bhainistíocht aon líomhaintí i ndáil le foréigin nó imeaglú i measc na bpríosúnach.

11.3 Tá teacht chun cinn buíonta i sochaí na hÉireann imithe chun donais sa chóras príosúin agus is cúis mhór imeaglaithe agus foréigin é seo i measc na bpríosúnach. Tá líon mór príosúnach curtha faoi chosaint mar gheall ar seo. Bhí 825 príosúnach faoi chosaint i 9 bpríosún an 24ú Feabhra 2009. Is ionann sin agus 22% de phobal iomlán na bpríosúnach go dáta. Is ionann é, áfach, agus 26% de phobal an phríosúin i 9 bpríosún. Níl sé sin neamhghnách. Cothaíonn sé sin fadhbanna loighisticiúla don bhainistíocht ó thaobh coimeád a sholáthar atá sábháilte agus slán a chinntiú. Déanfaidh na príosúnaigh iad féin iarratas ar chosaint nó cuirfidh an bhainistíocht faoi chosaint iad mar

[4] CPT/ Inf (2007) 40, Tuarascáil chuig Rialtas na hÉireann maidir le cuairt Coiste na hEorpa um Thoirmeasc ar Chéasadh agus Phionóis Mhídhaonna nó Táireacha nó Drochíde Mídhaonna nó Táireach ón 2 go dtí13 Deireadh Fómhair 2006 i míreanna 38- 43

gheall ar chúiseanna bainistíochta nó mar gheall ar nádúr an chiona atá déanta acu. Mura gcuirfí formhór na bpríosúnach seo faoi chosaint d'fhéadfadh a saol nó a gcuid sábháilteachta a bheith i mbaol. D'fhéadfadh príosúnaigh atá faoi chosaint a bheith coinnithe ina gcuid cillíní ar feadh 23 uaire an chloig in aghaidh an lae.

11.4. Déanann bainistíocht an phríosúin sa chóras príosúin in Éirinn iarracht coimeád slán agus sábháilte a chur ar fáil don líon príosúnach atá ag dul i méid. Plódú agus cosaint phríosúnach na fadhbanna is mó atá roimh an mbainistíocht sa chás seo. Áirítear i measc fachtóirí eile a oibríonn ina choinne sin:- a) rachtanna foréigneacha uathspreagtha i measc príosúnach, b) easpa saoráidí do príosúnaigh a chruthaíonn leadrán c) easpa oibre nó aon ghníomhaíocht chuiditheach, d) easpa teileafóin a chuireann olc ar na príosúnaigh mar gurbh é seo an t-aon bhealach cumarsáide atá acu lena dteaghlaigh agus lena gcairde, e) an chúis go bhfuil príosúnaigh á gcoimeád i spás teoranta, cruthaíonn sé sin frustrachas f) an chúis nach bhfuil fáil ar dhrugraí chomh fhorleathan níos mó, cruthaíonn sé sin cantal, g) an chúis go bhfuil príosúnaigh eile atá ag tógáil drugaí, cruthaíonn sé sin leibhéil ionsaitheacha níos airde, agus, h) cuireann na coinníollacha sa phríosún atá go dona agus mídhaonna olc ar phríosúnaigh. Is féidir le heachtra shimplí sa phríosún príosúnach atá cantalach cheana féin a chur thar fóir go hiomlán.

11.5 Tá sé rí-thábhachtach measúnú a dhéanamh ar phríosúnaigh mar seo agus an bhainistíocht ag dúbailt líon na bpríosúnach sna cillíní nó ag cur príosúnaigh i gcilliní eile ina bhfuil go leor príosúnaigh iontu cheana féin.

11.6. Déanfaidh mé tagairt mhionsonraithe den ábhar i mo chuid tuarascálacha iomlána ar phríosúin aonair más gá.

CAIBIDIL 12

Ógánaigh i gCóras na bPríosún

12.1. Beidh ógánaigh a bheidh á gcur faoi choinneáil mar gheall ar coireanna tromchúiseacha ina ngné i gcónaí den córas ceartais choiriúil. Tugann caighdeáin idirnáisiúnta sainmhíniú ar ógánach mar "*a child or young person who, under the respective legal systems may be dealt with for an offence in a manner which is different from an adult*"[5]. Faoi Acht na Leanaí 2001, sainmhínítear an focal leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois[6].

12.2. Forálann Acht na Leanaí 2001 nach ndéanfaidh cúirt pianbhreith nó coinneáil agus sin amháin a fhorchur ar leanbh ach amháin sa chás "*gurb é an t-aon bhealach cuí chun déileáil leis an leanbh*"[7]. Agus iad faoi choinneáil tá sé fíorthábhachtach go dtabharfaidh leasa is fearr an ógánaigh san áireamh.[8] Deachtaíonn deachleachtas idirnáisiúnta nár chóir ógánaigh a chur faoi choinneáil in éineacht le daoine fásta[9]. Is é Foras Naomh Padráig an t-aon fhoras atá faoi choimirce Seirbhís Príosún na hÉireann inar féidir ógánaigh fir os cionn 16 bliain a choinneáil ann. Coinnítear ógchiontóirí in aois idir 18 go 21 bliain i bhForas Naomh Pádraig freisin. Coinnítear gach ógánach eile i Scoileanna Coinneála Leanaí atá á bhfeidhmiú ag Seirbhís Ceartas Óige na hÉireann, oifig feidhmiúcháin de chuid na Roinne. Ní choinnítear ógánaigh ban in aon cheann dár gcuid príosúin.

12.3. Tá ógánaigh le coinneáil i bhForas Naomh Pádraig an t-achar atáthar ag feitheamh leis an aonad nua d'ógánaigh i Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche. Tá an chéad chéim den aonad nua ar sceideal le tabhairt chun críche i rith na bliana 2012. Cuirfidh sé cóiríocht ar fáil d'ógánaigh idir

---

[5] Riail 2(2)(a), UN Standard Minimum Rules for the Administration of Juvenile Justice 1985 (Rialacha Beijing)
[6] Alt 3(1) Acht na Leanaí 2001
[7] Alt 143(1) Acht na Leanaí 2001
[8] Airteagal 3 UN Convention on the Rights of the Child 1989 (CRC)
[9] Airteagal 10(3) An Cúnant Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, Airteagal 37(c) (CRC), Riail 26(3) Rialacha Beijing, Riail 59(1) Recommendation CM/Rec(2008)11 of the Committee of Ministers to member states on the European Rules for juvenile offenders subject to sanctions or measures

16 agus 17 bliain d'aois agus atá á gcoinneáil i bhForas Naomh Pádraig faoi láthair.

12.4. Cuireann Foras Naomh Pádraig cóiríocht ar fáil d'ógánaigh atá ar athchur agus a bhfuil pianbhreith gearrtha orthu ar aon. Is ógánaigh thart ar aon tríú den phobal i bhForas Naomh Pádraig ag aon am faoi leith.

12.5. Cuireadh ar an eolas mé go bhfuil thart ar 25% den phobal óganach faoi chosaint ag aon am faoi leith. Is olc an léiriú ar aon sochaí é go bhfuil saol buachaillí atá chomh hóg le 16 bliana agus faoi sin, faoi bhaol agus iad faoi choimeád mar gheall ar a rannpháirtíocht i gcoimhlint idir bhuíonta atá á léiriú féin mar fhochultúr i sochaí nua-aimseartha na hÉireann.

12.6. Tá glactha leis mar prionsabal uilechoiteann go rachaidh aon tréimhse coinneála chun fónamh le hógánach a athshlánú[10] agus go n-éascóidh sé é/í le ról dearfach a ghlacadh sa phobal ar é/í a scaoileadh. Meastar go bhfuil fáil a bheith ar scileanna oideachais agus gairmoideachais ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí i gcomhar le cláir chóireála sna hiarrachtaí[11] le hógánaigh a athshlánú.

12.7. Tá mé curtha ar an eolas go bhfuil Riaradh Dearfach Pianbhreitheanna á thabhairt isteach i bhForas Naomh Pádraig ar bhonn céimnithe.

12.8. Tá tábhacht ar leith ag baint le cothabháil teagmháil teaghlaigh i saol ógánaigh[12]. Tá sé fíorluachmhar i n-iarrachtaí lánpháirtiú rathúil a dhéanamh ar óganaigh tar éis dóibh a bheith scaoilte saor. Mar gheall gurb é Foras Naomh Pádraig an t-aon ionad amháin le hógánaigh fir idir 16 agus 17 bliain a d'aois a choinneáil anna cruthaíonn sé fadhbanna móra loighisticiúla do theaghlaigh agus do chairde a bhfuil roinnt mhaith taistil le déanamh acu le cuairt a thabhairt ar a gcuid gaolta sa phríosún.

[10] Riail 12, UN Rules for the Protection of Juveniles Deprived of their Liberty
[11] Riail 26.1 Rialacha Beijing
[12] Airteagal. 37 (c) CRC

12.9. Ar nós an chuid is mó de na príosún eile, is minic Foras Naomh Pádraig faoi réir ag plódú freisin.

12.10. Tá sé soiléir ó dheachleachtais idirnáisiúnta go dteastaíonn sainchóras maidir le hógánaigh, córas gurb é a n-athshlánú a bheidh i gceist leis. Tá sé luaite ag Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh gur cheart go mbeadh saoráidí ar leithligh ar fáil do leanaí a bhfuil a saoirse bainte díobh, lena n-áirítear, foireann leanbh-lárnaithe, pearsanra, beartais agus cleachtais shoiléire[13]. Rialaíonn coinneáil ógánaigh, a bhfuil sainriachtanais acu i dtimpeallacht príosúin le príosúnaigh níos sine i gcoinne a gcumas athshlánaithe. Ní théann sé chun tairbhe do leasa is fearr an ógánaigh, an t-ógánach a choinneáil i dtimpeallacht phríosúin.

12.11. Tá mé ag cur an chaibidil sin san áireamh mar gheall go bhfuil an Stáit freagrach de réir mar atá sna hionstraimí éagsúla as cearta leanaí a chosaint. Is é an fáth go bhfuil córas dlí agus cirt d'ógánaigh ar leithligh ann le cearta ógánaigh a chosaint mar go bhfuil siad níos so-ghabhálaí i leith leatrom ar chearta an duine agus go bhfuil riachtanais dhifriúla acu seachas mar atá ag ciontóirí fásta.

12.12. Tá sé i gceist agam iniúchadh iomlán a dhéanamh ar Fhoras Naomh Pádraig le linn na bliana seo agus i dtaca leis sin tá súil agam go gcuideoidh mo chuid tuairimí sa Chaibidil leis Seirbhís Príosún na hÉireann, leis an mbainistíocht, agus leis na daoine sin atá ag cur seirbhísí ar fáil i bhForas Naomh Pádraig.

12.13. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh le dlús a chur leis an aonad nua d'ógánaigh i Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath a thabhairt chun críche.

12.14. Tacaím go hiomlán le smachtbhannaí malartacha d'óganaigh agus tá mé muiníneach nach mbainfear úsáid as coinneáil ach amháin mar an rogha dheiridh.

---

[13] Committee on the Rights of the Child, General Comment No. 10, Children's Rights in Juvenile Justice (Fourty-fourth session, 2007), U.N. Doc. CRC/C/GC/10 (2007), at p. 18

CAIBIDIL 13

Básanna i bPríosúin

13.1. Forálann Riail 47 (7) de Rialacha Príosúin na hÉireann 2007: - *"If a prisoner dies while in prison the Governor shall, forthwith, notify or cause to be notified" – inter alia* Cigire na bPríosún. Forálann fo-riail 8: - *"Where a prisoner dies while in prison the Governor shall as soon as may be after the prisoner's death, prepare, and submit to the Minister, a report and such other information as he or she may require in relation to the prisoner's death".*

13.2. fuair ceathrar príosúnach fir bás sa phríosún in 2008.

13.3. fuair seisear príosúnach fir agus príosúnach ban amháin bás in ospidéal in 2008.

13.4. D'iarr mé tuarascálacha iomlána ar gach bás cibé sa phríosún nó ar a n-aistriú chuig nó in ospidéal a fuair siad bás. Fuair mé lán comhoibriú ó na príosúin ábhartha. Ní bhfuair mé na tuarascálacha deiridh i líon cásanna go dtí seo mar go bhfuil imscrúduithe nó scrúduithe iarbháis leanúnacha ar siúl nach bhfuil tugtha chun críche fós.

13.5. Má thagann aon údair imní chun cinn déanfadh mé tagairt dóibh sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile nó más ábhair níos tromchúisí atá i gceist tabharfaidh mé ar aird an Aire iad nó ar aird an údaráis chuí.

13.6. Ionas go mbeidh sé ar mo chumas eolas cruinn a chur ar fáil maidir le líon na bpríosúnach a fuair báis agus iad sa chóras príosúin, molaim go leasófaí Riail 47 (7) de Rialacha Príosúin na hÉireann 2007 le go bhforálfaí go dtabharfaidh a leithéid sin de bhásanna ar m'aird, cibé sa phríosún, a n-astriú idir phríosúin, á n-áistriú chun ospidéil nó san ospidéal a fhaigheann siad bás.

13.7. Molaim go leasófaí Riail 47 (8) den na Rialacha Príosúin 2007 le go bhforálfaí go mbeadh an tuarascáil sin curtha ar fáil domsa chomh maith, de réir mar a fhoráiltear dó sa bhfo-riail sin.

CAIBIDIL 14

Forbairtí amach anseo i gCóras na Príosúin in Éirinn

14.1. Mar a chéile le beagnach gach uile thír eile léiríonn pobal na bpríosún in Éirinn méadú leanúnach gur údar imní é.

14.2. Bhí 3197 príosúnach i bpríosúin na tíre an 2ú Eanáir 2008. Faoin 3ú Meitheamh 2008 bhí sé sin méadaithe go dtí 3597. Ba 3718 líon na bpríosúnach an 2ú Nollaig 2008 agus bhí sé sin méadaithe go dtí 3828 an 13ú Márta 2009. Níl fáth ar bith nach leanfadh an figiúr sin air ag méadú.

14.3. Sna14 mí a dtagraítear dóibh i mír 14.2 bhí meadú de 631 nó 20% ar líon na bpríosúnach sa tír. Osclaíodh dhá sciathán bhreise le linn an tréimhse sin – ceann in Ionad Oscailte Theach an Locháin agus ceann i dTeach na gCanónach le hacmhainn dheartha do 110 príosúnach.

14.4. In 2009 táthar ag súil go gcuirfear thart ar 380 spás príosúin nua ar fáil– 141 sa bhloc nua i bPríosún Phortlaoise, 63 sa bhloc nua i bPríosún an Caisleáin Riabhaigh agus 176 sa bhloc nua i bPríosún Chruithneachtáin. Is acmhainn leapacha atá i gceist leis an dearadh sin sna saoráidí nua sin.

14.5. Is forbairt a bhfuil fáilte mhór roimpi oscailt chóiríocht nua sa phríosún mar atá léirithe thuas agus ciallaíonn sé tiomantas leanúnach ó Sheirbhís Príosún na hÉireann agus ón Roinn d'uasgrádú agus síneadh a chur le hEastát Phríosún na hÉireann mar a rinne oscailt an dá sciathán nua, ceann in Ionad Oscailte Theach an Locháin agus ceann i dTeach na gCanónach a bhfuil tagairt déanta dóibh i mír 14.3 thuas.

14.6. Mar a dúirt mé cheana níl aon smacht ag Córas Príosún na hÉireann ar líon na ndaoine atá á gcur i bpríosún. Caithfidh na príosúin glacadh le gach duine atá ar athchur (cibé an bhfuil siad ag fanacht lena dtriail nó le pianbhreith) chomh maith leis na príosúnaigh ar fad atá cimithe chun príosún ag na Cúirteanna. Sa

chomhthéacs sin tagraím do shaincheisteanna ag mír 14.14, saincheisteanna nach mór díriú orthu.

14.7. Tá sé beartaithe coimpléacs príosúin nua a thógáil ag Halla Thornton, Contae Bhaile Átha Cliath. Tá sé seo suite thart ar 6 mhíle ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá faisnéis chríochnúil faighte agam (mír 4.2) maidir le Tionscadail Halla Thornton. Is faoi pholasaí an Rialtas a thagann suíomh an príosúin seo atá beartaithe nó aon phríosún eile agus ní thagann sé laistigh de mo théarmaí tagarthasa. Beidh acmhainn deartha sa phríosúin seo do thart ar 1400 príosúnach, i gcillíní singil. Mar gheall ar chúiseanna slándála níl sé i gceist agam mionsonraí sainiúla a thabhairt maidir le leagan amach an phríosúin atá beartaithe. Léiríonn na pleananna smaointeoireacht shamhlaíoch i ndáil le cóiríocht do phríosúnaigh, do dheighilt na bpríosúnach, do cheardlanna ábhartha a chur ar fáil, do shaoráidí oideachais ábhartha a chur ar fáil, do shaoráidí áineasa den scoth a chur ar fáil taobh istigh agus taobh amuigh, araon, na saoráidí míocháine ábhartha ar fad agus na saoráidí cuí do 'sholáthróirí seirbhíse do' phríosúnaigh agus don phríosún, a chur ar fáil.

14.8. I bpríosún nua, nuair a bheidh príosúnaigh deighilte nó má tá príosúnaigh faoi chosaint, ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil, ní bheifear in ann an deighilt sin a úsáid mar leithscéal a gcearta chun saoráidí oideachais, gairmoideachais agus áineasa cuí a bhaint de na leithéid sin de phríosúnaigh. Ní bheadh glacadh ach oiread le príosúnaigh a bheith faoi ghlas ar feadh tréimhsí fada.

14.9. Tá sé curtha in iúl dom gur thart ar 3 bliana creat ama tógála an phríosúin nua ag Halla Thornton, sé sin ón am a bhronnfar an conradh. Bhíothas ag súil go mbeadh an conradh á bhronnadh sa dara leath den bhliain 2008. Anois táthar ag súil go mbronnfar an conradh i ndeireadh na bliana 2009. Tá an creat ama seo faoi réir ag tabhairt chun críche na n-idirbheartaíochtaí conartha go rathúil leis an tairgeoir a bhuann an conradh. D'fhéadfadh brú ó na margaí airgeadais idirnáisiúnta tionchar a bheith aige ar ar na mórthionscadail caipitiúla ar fad.

14.10. Coinneoidh mé súil ghéar ar thógáil aon phríosún lena chinntiú nach laghdófar aon cheann de na saoráidí atá pleanáilte. Coinneoidh mé súil ar áitíocht a leithéid sin de phríosúin ó lá go lá agus déanfaidh mé comparáid eatarthu agus idir an acmhainn dheartha. Déanfaidh mé tagairt mar is cuí de na hábhair sin i dtuarascálacha ina dhiaidh sin.

14.11. Mar atá léirithe agam tríd síos sa tuarascáil seo, tá plódú sna príosúin in Éirinn. Cuireann sé sin leis na gnéithe diúltacha ar fad a bhaineann le saol an phríosúin agus leis na contúirtí a bhfuil tagairt déanta agam dóibh.

14.12. Tuigim agus mé ag scríobh na tuarascála seo go bhfuil Seirbhís Príosún na hÉireann i mbun socruithe chun dúbailt a dhéanamh ar chillíní i líon príosúin i ndáil le cóiríocht a chur ar fáil do phobal an phríosúin atá go síoraí ag méadú.

14.13. Is eol dom mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta i láthair na huaire go bhféadfaí an clár tógala uaillmhianach a bhfuil tús curtha leis cheana féin (míreanna 14.3 agus 14.4) a chur siar.

14.14. Mura gcuirfear cóiríocht bhreise ar fáil do phríosúnaigh leis na saoráidí cuí ar fad ní mór dhá cheist a chur. Is eol dom agus na ceisteanna sin á gcur agam agus na freagraí á moladh agam go bhfuilim ag imeacht ó mo chuid téarmaí tagartha mar atá leagtha síos in Acht na bPríosún 2007 ach mothaím nach mór na freagraí sin a chur ar fáil maidir leis na ceisteanna seo atá soiléir agus tábhachtach in aon sochaí shibhialaithe: -

- An bhfuil an chóiríocht do phríosúnaigh i bpríosúin atá plódaithe mar atá mionsonraithe i gcaibidil 7 inghlactha?
- Mura bhfuil sé inghlactha agus d'oireasa príosúin nua cad is féidir a dhéanamh?

14.15. Ní mór d'aon díospóireacht pholaitiúil agus /nó sochaíoch a bhaineann le leibhéal inghlactha coiríochta do phríosúnaigh, saincheisteanna Cearta Daonna agus oibleagáidí an Stát faoi na Conarthaí, Comhaontuithe agus Ionstraimí

Idirnáisiúnta ábhartha a thabhairt ar aird. Ba chóir gur díospóireacht réasúnaithe a bheadh anseo.

14.16. Má meastar nach féidir glacadh leis an bplódú sna príosúin ní mór mar sin cóiríocht phríosúin nua a chur ar fáil nó roghanna eile seachas príosúin a fháil.

14.17. Is forbairt a bhfuil fáilte roimpi na Tionscnaimh ar nós an Bille Fíneálacha 2009. Má fheidhmítear é d'fhéadfadh sé suas le 2.17% nó thart ar 75 príosúnach a thógáil ó phobal an phríosún ar aon lá amháin.

14.18. Ní mór machnamh a dhéanamh ar bhealach neamhchoinneála nuair atáthar ag déileáil le feichiúnaithe nach bhfuil in ann a gcuid billí a íoc.

14.19. Faoi láthair, ag feitheamh ar fháil nó ar thógáil na cóiríochta cuí, tá inimircigh neamhdhleathacha nach bhfuil aon chion eile curtha ina leith coinnithe san príosúin, rud atá míchuí.

14.20. Tá an cumas ag na Tionscnaimh um Cheartais Aisiríoch agus ag na Cúirteanna Pobail pobal an phríosúin a laghdú sa mheántéarma/fadtéarma. Is eol dom an obair atá déanta maidir leis seo ag an Coimisiún Náisiúnta um Cheartais Aisiríoch faoi chathaoirleacht an Bhreitheamh Mary Martin.

14.21. Tá ról tábhachtach ag na Tionscnaimh um Cheartais Aisiríoch mar rogha pianbhreithe do na Cúirteanna chun daoine a shraonadh ó thuilleadh coiriúlachta.

14.22. D'fhéadfadh tionscnaimh mar iad sin atá i gceist gcomhthéacs Cheartais Aisirígh a bheith ina gcuid de, agus iad a chorprú mar plean riartha pianbhreitheanna do na príosúnaigh cuí. Tár éis measúnú cuí d'fhéadfadh na príosúnaigh sin cuid dá bpianbhreith a chur isteach agus iad ar scaoileadh sealadach agus a d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir tionscnaimh den chineál sin in rith an tréimhse sin. Dá mba rud é gurbh é sin an cás laghdódh sé daonra an phríosúin.

14.23. Tá mo mholadh mar atá leagtha amach i mír 14.22 mar cheann de roinnt mhaith tionscnaimh a d'fhéadfaí a bhreithniú mar bhealach chun laghdú a dhéanamh ar phobal na bpríosún. Mar a dúirt mé i mír 14.14 ní thagann sé faoi mo chuid téarmaí tagarthasa réitigh a mholadh ach ní mór réitigh a fháil.

14.24. Is eol dom nach tasc éasca é príosún de chineál ar bith a reáchtáil agus is eol dom go bhfuil acmhainní teoranta ó thaobh na serbhísí poiblí ar fad. Níl ceachtar acu sin, áfach, inghlactha ó thaobh neamhaird ná cearta daonna an duine aonair a shéanadh.

14.25. Mura féidir teacht suas le tionscnaimh a laghdóidh pobal na bpríosún go suntasach sa mhéid nach ndéanfar neamhaird de cearta daonna an duine aonair agus nach ndéanfar iad a shéanadh, tá sé rí-thábhachtach foinse coiríochta nua a fháil do na príosúin chomh luath agus is féidir. Ar aon chor fiú más féidir pobal na bpríosún a laghdú ní shin le rá go gcuireadh sin deireadh leis an ngá atá ann athsholáthar a dhéanamh ar an gcóiríocht neamh-inghlactha atá i roinnt dár gcuid príosúin, Muinseo, Corcaigh agus Luimneach go sonrach.

Oifig Chigire na bPríosún
24 Cecil Walk
Sráid Kenyon
An tAonach
Co. Thiobraid Árann